2015

Tuarascáil Bhliantúil **Chúnamh Éireann**

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Tiomantas na hÉireann do dhomhan gan ocras ná bochtaineacht

An leathanach seo: Fear ag breathnú ar héileacaptar ina bhfuil soláthairtí tarrthála ag tuirlingt agus deannach á chur san aer aige i mbaile Kiech Kon i Stát na Níle Uachtaraí, an tSúdáin Theas. Grianghraf: Mike Pflanz/UNICEF **An clúdach:** Páistí scoile agus droichead á thrasnú acu in Kroo Bay, Freetown, Siarra Leon. Grianghraf: Cúnamh Éireann

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ	04
ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLIAIN 2015	06
AN GHÉARCHÉIM DHAONNÚIL AR DOMHAN	10
AN AETÓIP	14
AN MHALÁIV	16
MÓSAIMBIC	18
SIARRA LEON	20
AN TANSÁIN	22
UGANDA	24
VÍTNEAM	26
AN tSAIMBIA	28
AN AFRAIC THEAS	30
AN PHALAISTÍN	32
COMHPHÁIRTITHE NEAMHRIALTASACHA	34
COMHPHÁIRTITHE ILTAOBHACHA	36
RANNPHÁIRTÍOCHT LE MUINTIR NA hÉIREANN	40
OIDEACHAS SAN FHORBAIRT	42
FREAGRACHT AGUS TRÉDHEARCACHT	44
AN CLÁR COMHALTACHTA	45
IARSCRÍBHINNÍ	46

RÉAMHRÁ

Ba bhliain í 2015 ina ndeachaigh an ghéarchéim dhaonnúil in olcas, ach ba bhliain í freisin inar tháinig ceannairí an domhain ar chomhaontú maidir le creat nua don fhorbairt dhomhanda sna cúig bliana déag atá amach romhainn.

Charlie Flanagan TD

Joe McHugh TD

I mí Mheán Fómhair ag na Náisiúin Aontaithe, ag deireadh próiseas taidhleoireachta a raibh Éire ina comhchathaoirleach air, tháinig ceannairí an domhain ar chomhaontú faoi Chlár Oibre 2030, agus ghlacadar leis an gClár Oibre sin mar aon le seacht gcinn déag de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe nua. Rinne an tUachtarán agus an Taoiseach ionadaíocht ar Éirinn ag an gCruinniú Mullaigh, a bhí ar an gcruinniú ba mhó riamh de cheannairí an domhain. Is é an dúshlán atá romhainn anois a chinntiú go gcuirfear chun feidhme na Spriocanna uaillmhianacha nua don chine daonna, sa bhaile agus ar domhan, ar leibhéal a sháróidh an dúshlán domhanda.

Is cúis bhróid dúinne go bhfuil Éire ag coinneáil lena ról láidir sa troid chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus an ocras ar fud an domhain. In 2015, chuir an Rialtas €647.51 milliún san iomlán ar fáil i gCúnamh Forbartha Oifigiúil (CFO). Léiríonn an tsuim sin an tábhacht a chuireann muintir na hÉireann i gcónaí lenár gcomhpháirtíocht leis na daoine sna tíortha i mbéal forbartha. Is buanseasmhach atá agus a bhí an tiomantas uainn in éadan na ndeacrachtaí geilleagracha a bhí le sárú againn le blianta beaga anuas. Agus ár ngeilleagar féin ag teacht chuige féin, is cúis bhróid dúinn é gur chosnaíomar agus gur chothaíomar ár gclár forbartha nuair a bhí cinntí deacra á ndéanamh. Mar gheall ar ár dtiomantas láidir don fhorbairt idirnáisiúnta, in aimsir an dóchais agus in aimsir an anachain araon, tugtar aitheantas d'Éirinn ar fud an domhain go fóill as ucht a bhfuil déanta aici sa troid i gcoinne na fíorbhochtaineachta agus an ghéarocrais. Sa Chlár Rialtais nua atá againn, gealltar go gcoinneoimid leis an dul chun cinn i dtreo sprioc na Náisiún Aontaithe i dtaobh 0.7 faoin gcéad den OTN a thabhairt i gCúnamh Forbartha Oifigiúil, faoi réir fáil a bheith ar acmhainní.

Is é an cuspóir atá againn trí Chúnamh Éireann ná cur leis an gcumas atá ag daoine, go háirithe iad siúd is leochailí, i dtaobh bealach inbhuanaithe a aimsiú chun éalú ón mbochtaineacht. Leagadh síos go soiléir an sprioc sin san athbhreithniú a rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar ár mbeartas eachtrach: "An tOileán Domhanda". Sa cháipéis "An tOileán Domhanda", tugtar cuntas ar an tiomantas seasmhach atá againn do chomhpháirtíochtaí láidre a thógáil agus a chothú chun aghaidh a thabhairt ar na tosca casta is bonn leis an mbochtaineacht, an ocras agus an neamhionannas. Cuireann an méid sin bonn eolais freisin faoi gach gné dár mbeartas um Fhorbairt Idirnáisiúnta, *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin*.

Tugtar forléargas i dTuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann ar chlár cúnaimh oifigiúil mhuintir na hÉireann agus ar an tionchar a bhí aige in 2015. Gheobhaidh tú cuntas mionsonraithe sa téacs agus sna hiarscríbhinní ar an gcaoi ina gcaitear ár mbuiséad cúnaimh, sna tíortha chomhpháirtíochta dár gcuid agus i dtíortha eile a bhfuil dúshláin na bochtaineachta, an ocrais agus na dtubaistí daonnúla le sárú acu. Ar leathanach gach tíre ar leith, gheobhaidh tú sonraí i dtaobh na dtorthaí atá bainte amach againn trínár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha – cibé an méadú ar líon na bpáistí a ndearnadh imdhíonadh i gcoinne galair orthu nó ár gcuid oibre chun prátaí na hÉireann agus prátaí milse oráiste a chur chun cinn mar bharra tábhachtacha cothaithe agus tráchtála. Tá idirghabhálacha praiticiúla, éifeachtacha den sórt sin ina n-eiseamláir dár gclár cúnaimh forbartha, agus cuireann siad bonn eolais faoi na cineálacha cur chuige a ghlacaimid maidir lenár mbeartas forbartha idirnáisiúnta.

Is casta agus is deacair é an comhthéacs domhanda ina gcuirtear cúnamh ar fáil. In 2015, mar shampla, tháinig méadú ar líon na ndaoine a easáitíodh in aghaidh a dtola go dtí go raibh beagnach 60 milliún duine i gceist, agus is i dtíortha agus i réigiúin ina bhfuil coinbhleachtaí ar bun a bhíonn 80 faoin gcéad den obair dhaonnúil ar bun anois. Is mná agus páistí iad níos mó ná leath na ndídeanaithe ar fud an domhain. Tá dúshlán na hEorpa féin curtha ag an ngéarchéim dhaonnúil sin. Thug Éire freagra ar leibhéal na géarchéime daonnúla trí thart ar €140 milliún a thabhairt i gcúnamh daonnúil ar fud an domhain in 2015.

Chuireamar Cruinniú Mullaigh Daonnúil Éireannach ar bun i mí an Mheithimh 2015, cruinniú ar éirigh go geal leis, chun scrúdú a dhéanamh ar conas a thugaimid freagra ar líon níos mó agus níos mó éigeandálaí casta daonnúla agus conas is féidir linn a chinntiú go bhfuil an chabhair dhaonnúil uainn chomh héifeachtach agus is féidir léi a bheith. Is é an phríomhtheachtaireacht a tháinig as an gcruinniú mullaigh ná gur chóir do na daoine atá thíos leis na géarchéimeanna a bheith i gcroílár na bhfreagairtí go léir ar thubaistí agus gur chóir go dtacódh an ghníomhaíocht dhaonnúil leis na daoine sin agus iad ag streachailt le maireachtáil agus teacht chucu féin. Bhí torthaí an chruinnithe mullaigh sin ina mbonn eolais do rannpháirtíocht na hÉireann i gCruinniú Mullaigh Daonnúil an Domhain in Iostanbúl i mí na Bealtaine 2016.

In 2015 bhí 60 bliain imithe tharainn ó chuaigh Éire isteach sna Náisiúin Aontaithe, agus bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Ban Ki-moon go hÉirinn i mí na Bealtaine. Le linn chuairte an Ard-Rúnaí, dhíríomar aird ar thiomantas na hÉireann do thacú le heagraíocht na Náisiún Aontaithe ionas go mbeadh sí láidir, éifeachtach. Níl ionainn ach ball beag de na Náisiúin Aontaithe ach is ball gníomhach muid, agus tá Éire tiomanta do chomhlíonadh na bprionsabal agus na luachanna atá cumhdaithe i gCairt na Náisiún Aontaithe. Tá Éire i measc na dtíortha is tréine a dtacaíocht don obair a dhéanann na Náisiúin Aontaithe maidir le síocháin agus slándáil, cearta an duine agus forbairt, agus tá gach ceann de na réimsí sin ríthábhachtach i dtaobh géarchéimeanna daonnúla a chosc agus freagairt dóibh. Tacaímid go mór le húdarás na Náisiún Aontaithe agus iad ag gríosú gníomhaíocht idirnáisiúnta i leith na ndeacrachtaí domhanda atá le sárú againn: dul i ngleic leis an mbochtaineacht, deireadh a chur le coinbhleachtaí agus déileáil leis an athrú aeráide.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, tugaimid cuntas ar ár gcuid oibre i gcomhlíonadh na freagrachta atá orainn do mhuintir na hÉireann agus dár gcomhpháirtithe sa troid chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus an éagothroime ar domhan, agus léirímid an cion atá á dhéanamh ag Éirinn i gcuid de na pobail is boichte agus is leochailí ar domhan. Is cúis bhróid dúinn é go bhfuilimid fós dírithe go daingean ar chuidiú leis na daoine is boichte agus is leochailí san Afraic fho-Shahárach. Aithnímid, i ndomhan atá seasta ag éirí níos casta agus níos idirspleáiche, gur gá cur chuige atá againn a mbeidh teacht aniar ann, a bheidh pragmatach agus, thar aon rud eile, a bheidh éifeachtach. Tá súil againn go bhfuil an Tuarascáil seo ina teist láidir don fhís is bonn le Cúnamh Éireann agus lena chuid oibre.

Charlie Flanagan TD
An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Tradála

Joe McHugh, TD
An tAire Stáit um an Diaspóra agus Fhorbairt Idirnáisiúnta

Duine a bhain tairbhe as na nithe faoisimh a dháil Cúnamh Éireann ar dhídeanaithe ón Nigéir ag Campa Dídeanaithe Minawao, Maroua, Ciantuaisceart an Chamarúin, Aibreán 2015. Grianghraf: Plan International

2015 - ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

Shainigh an tAontas Eorpach gurb é 2015 Bliain Eorpach na Forbartha, agus ba i rith na bliana sin a ghlac an pobal idirnáisiúnta leis na Spriocanna nua um Fhorbairt Inbhuanaithe agus inar thángthas ar chomhaontú docht, cinniúnach faoin athrú aeráide. Ba bhliain í 2015 ina raibh béim ar an bhforbairt, agus is cinnte go bhféadaimid a bheith bródúil as an ról a ghlac Éire san obair sin.

I mí Mheán Fómhair 2015, tar éis dóibh dhá bhliain a chaitheamh i mbun dianchomhairliúcháin agus dianchaibidlíochta ag na Náisiúin Aontaithe agus ag ceithre chomhdháil idirnáisiúnta nasctha, ghlac ceannairí an domhain seacht gcinn déag de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus 169 sprioc a ghabhann leo, lena leagtar síos an cuspóir i leith dul chun cinn sa troid i gcoinne an ocrais, na bochtaineachta agus an díghrádaithe comhshaoil sna cúig bliana déag atá amach romhainn.

Ón gcéad cheann de na ceithre chomhdháil nasctha, Comhdháil Dhomhanda mhí an Mhárta um Laghdú Rioscaí Tubaistí sa tSeapáin, d'eascair Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí. Cuimsítear i gcur chuige an chreata na ceachtanna atá foghlamtha le deich mbliana anuas, tréimhse ina bhfuair níos mó ná 700,000 duine bás mar gheall ar thubaistí nádúrtha, inar gortaíodh níos mó ná 1.4 milliún duine, inar fágadh tuairim is 23 milliún duine gan dídean, agus inar sháraigh an caillteanas geilleagrach, de bharr na dtubaistí nádúrtha i rith na tréimhse sin, $1.3 trilliún.

Aithnítear sa chreat nua sin go gcuireann an bhochtaineacht, an éagothroime agus an t-athrú aeráide le leochaileacht i dtaobh baol báis agus scrios slite beatha tar éis tubaiste nádúrtha agus féachtar ann le dul i ngleic leis na deacrachtaí sin ag an bhfoinse.

Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn agus é ag tabhairt an spreagaithisc ag Seoladh na Bliana Eorpaí um Fhorbairt 2015 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, an 22 Eanáir 2015. Grianghraf: Conor Healy Photography

Sa Chomhdháil Idirnáisiúnta faoi Mhaoiniú um Fhorbairt, a bhí ar siúl i mí Iúil san Aetóip, pléadh bealaí chun na spriocanna forbartha nua a mhaoiniú agus é ina chuspóir teacht ar chomhaontú ina thaobh sin. Sa chlár oibre a d'eascair as an gcomhdháil sin, Clár Gníomhaíochta Addis Ababa, tugtar cuntas ar na tiomantais i dtaobh acmhainní leordhóthanacha a sholáthar chun an fhorbairt a mhaoiniú.

Chomh maith le cúnamh forbartha traidisiúnta oifigiúil, breathnaítear níos faide ó bhaile sa Chlár Gníomhaíochta agus féachtar le haghaidh a thabhairt ar an méid seo a leanas: sreabhadh aindleathach caipitil ó thíortha bochta, córais chánachais laga sna tíortha, easpa trédhearcachta cánach na gcorparáidí ilnáisiúnta atá ag obair sa domhan i mbéal forbartha agus rannpháirtíocht íseal na margaí caipitil baile, an earnáil phríobháideach agus an earnáil dhaonchairdiúil sna tíortha i mbéal forbartha.

Cinntítear faoin gClár Gníomhaíochta freisin go mbeidh sreabhadh leanúnach cabhrach ar fáil agus spreagtar deontóirí idirnáisiúnta nua chun a gcion a dhéanamh, lena n-áirítear, mar shampla, geilleagair atá ag teacht chun cinn sa Deisceart.

An Taoiseach Enda Kenny TD agus é ag labhairt ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe faoin bhForbairt Inbhuanaithe, Nua-Eabhrac, an 25 Meán Fómhair 2015. Grianghraf: UN Photo/Mark Garten

Bhí Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe, a tionóladh i mí Mheán Fómhair, ar an gcruinniú is mó riamh de cheannairí domhanda ó bunaíodh na Náisiúin Aontaithe. Gheall 193 thír go gcomhlíonfaidís plean forbartha nua don domhan, Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe.

Cheap Uachtarán an Chomhthionóil Ghinearálta Éire agus an Chéinia chun éascú don chaibidlíocht, agus bhí ról lárnach ag Éirinn maidir leis an gcomhaontú a thabhairt chun críche. Ba iad an Taoiseach, Enda Kenny, T.D., agus an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn, a bhí i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann, agus ghlac an tAire Stáit um Fhorbairt Idirnáisiúnta, Sean Sherlock, TD, páirt san obair sin chomh maith.

I bhfianaise ról lárnach na hÉireann i dtaobh comh-éascú a dhéanamh ar an gcaibidlíocht, féadfaimid go léir a bheith bródúil as an toradh: clár oibre uilíoch ag a bhfuil an cumas athrú mór chun feabhais a dhéanamh ar an domhan sna cúig bliana déag atá romhainn agus clár oibre ina bhfuil sé geallta nach bhfágfar duine ar bith ar lár.

Ar deireadh, i mí na Nollag thionóil Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide 'Comhdháil na bPáirtithe' nó COP21 mar a thugtar uirthi, den 21ú huair. Bhí comhaontú ceangailteach cinniúnach ar an athrú aeráide ina thoradh ar an gcomhdháil sin. I bhfianaise a thábhachtaí atá Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide a chobhsú agus dul in oiriúint dó, agus i bhfianaise na n-iarrachtaí go léir ar theip orthu roimhe sin chun teacht ar chomhaontú a raibh glacadh ag cách leis, éacht ollmhór a bhí i gComhaontú Páras ag deireadh bliana inar éirigh go geal leis na hiarrachtaí sa réimse sin.

Mar is amhlaidh i gcás gach creata agus plean, is é an rud is mó atá le déanamh ná é a chur chun feidhme. Mar sin féin, toisc go bhfuil comhaontú bainte amach ó na náisiúin uile, idir náisiúin fhorbartha agus iadsan i mbéal forbartha, ar na spriocanna do na cúig bliana déag atá romhainn, tá an deis ann anois i ndáiríre bóthar na forbartha a athrú.

Ba bhliain í 2015 freisin inar tháinig géarchéimeanna daonnúla sa mhullach orainn. An té a chonaic na pictiúir de na himircigh ag triall ar an Eoraip, scata ollmhór daoine ag teitheadh ón gcoinbhleacht agus ón mbochtaineacht, thuig sé nó sí fírinne bhrónach an achrainn dhaonnúil. Tosaíonn tuarascáil na bliana seo le halt ina ndírítear aird ar an obair a dhéanann Cúnamh Éireann ag cuidiú le daoine atá i ngátar de bharr tubaistí nádúrtha agus de bharr coinbhleachta, agus tugtar breac-chuntas ann ar bheartas nua na hÉireann maidir le Cúnamh Daonnúil. Dírítear aird ann freisin ar an obair fhadtéarmach a dhéanaimid chun cabhrú le pobail dul i ngleic le tubaistí, idir chinn nádúrtha agus chinn de dhéantús an duine, atá ina mbagairt ar shlite beatha agus ar an mbeatha féin.

Ag féachaint dúinn ar imeachtaí eile sa bhaile, i mí Eanáir sheol an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a athbhreithniú ar Bheartas Eachtrach na hÉireann: "An tOileán Domhanda". Féachtar san athbhreithniú ar na dúshláin atá roimh Éirinn agus na deiseanna atá le tapú aici sa domhan domhandaithe nua faoi chúig phríomhthéama a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile: Ár nDaoine, Ár gCuid Luachanna, Ár Rathúnas, Ár nIonad san Eoraip agus Ár dTionchar. Faoin dara téama, Ár gCuid Luachanna, leagtar amach tacaíocht na hÉireann do dhomhan níos cothroime, níos córa, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe trí bhíthin ár gcláir forbartha, ár mbeartas um chearta an duine, ár mbeartas i leith na síochánaíochta, agus muid a bheith ag dul níos mó i ngleic le saincheisteanna domhanda atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an t-athrú aeráide.

Ambasadóir na hÉireann, David Donoghue le Amina Mohammed, Comhairleoir Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ar Phleanáil Fhorbartha tar éis 2015, agus Ambasadóir na Céine, Macharia Kamau, ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe, Nua-Eabhrac, Márta 2015. Grianghraf: IISD/ENB (http://www.iisd.ca/post2015/in3/images/24mar/IMG_1331.jpg)

Tá an Comhionannas Inscne fós i gcroílár chlár Chúnamh Éireann agus i mí an Mhárta rinne Éire comh-óstáil ar thrí imeacht idirnáisiúnta ar rannpháirtíocht na mban sa chinnteoireacht i rith chruinniú Choimisiún na Náisiún Aontaithe faoi Stádas na mBan i Nua-Eabhrac. Is é an Coimisiún an príomhchomhlacht idir-rialtasach ar domhan a bhíonn ag gabháil go heisiach don chomhionannas inscne agus cumhachtú ban a chur chun cinn.

I mí Aibreáin, osclaíodh Ambasáid nua na hÉireann sa Chéinia. Beidh an Ambasáid nua ag díriú go mór ar chúrsaí trádála, agus tá sí ar an deichiú ceann d'Ambasáidí na hÉireann san Afraic fho-Shahárach. Tá láithreacht láidir ag Éirinn sa Chéinia anois, trí thionscadail éagsúla a bhaineann le forbairt, gnóthaí daonnúla, cearta an duine, rialachas agus cumasú inscne.

Le linn 2015, bhí Éire á cheiliúradh go raibh 60 bliain imithe tharainn ó chuamar isteach sna Náisiúin Aontaithe. Chun comóradh a dhéanamh ar an ócáid thábhachtach sin i stair an Stáit, thug Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Ban Ki-moon, cuairt ar Éirinn i mí na Bealtaine. Le linn a chuairte, díríodh aird an domhain ar rannpháirtíocht na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe, i ngach réimse d'obair na heagraíochta sin. Agus é ag tabhairt spreagaithisc i gCaisleán Bhaile Átha Cliath chun an ócáid a chomóradh, leag an tUasal Ban béim ar chlár forbartha na hÉireann agus ar a ceannaireacht i dtaobh dul i ngleic le hocras domhanda.

Tá Cúnamh Éireann tiomanta dá chinntiú go ndéanfaidh an tOireachtas dian-iniúchadh ar an gclár cúnaimh agus le linn na bliana thug an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil cuairt ar ár gclár sa Mhaláiv agus san Afraic Theas agus thug an Coiste um Chuntais Phoiblí cuairt ar Vítneam.

Chinn an dá thoscaireacht gur léir go bhfuil ár gcláir sna tíortha sin ag dul chun tairbhe roinnt de na pobail is boichte agus is imeallaithe. Go háirithe, chinn an Comhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil go bhfuiltear ag baint an leasa is fearr as cistí na hÉireann faoin chlár Cúnaimh Éireann leis an obair atá ar bun ag Ambasáid na hÉireann sa Mhaláiv, agus go háirithe an bhéim phraiticiúil ar an talmhaíocht agus ar chothú, ar an teacht aniar a chothú agus ar rialachas.

Díluchtú soláthairtí éigeandála sa Mhaláiv i ndiaidh na dtuilte, Eanáir 2015. Grianghraf: Arjen van de Merwe/Concern Universal

An Ghéarchéim Dhaonnúil ar Domhan

Ag tabhairt beathaí slán agus á gcosaint, ag maolú na fulaingthe agus ag seasamh le dínit an duine roimh ghéarchéimeanna, lena linn agus ina ndiaidh

Gach bliain, léiríonn na milliúin daoine ar fud an domhain teacht aniar thar na bearta in éadan géarchéimeanna nádúrtha agus géarchéimeanna de dhéantús an duine. Ar an drochuair, bíonn a lán daoine nach dtagann slán ó thionchar uafásach na ngéarchéimeanna sin, nó, más rud é go dtagann siad slán, bíonn orthu teitheadh óna gcuid tithe agus bás daoine muinteartha leo agus cailliúint slí beatha a fhulaingt.

An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan T.D., leis an Aire um Fhorbairt, Tionscnamh Trádála agus Comhar Thuaidh-Theas, Seán Sherlock TD, ag seoladh cáipéis nua, Beartas Chúnamh Éireann um Chúnamh Daonnúil, i mBaile Átha Cliath, an 2 Iúil 2015. Grianghraf: Mark Henderson

Is iomaí dealramh a bhíonn ar ghéarchéimeanna daonnúla – léirscrios tobann de bharr creathanna talún agus tíofún, an scrios a tharlaíonn de bharr cogaí agus coinbhleachtaí, agus ocras agus droch-chothú a bhíonn le fulaingt arís agus arís de bharr triomaigh agus gorta. Is iad na cúiseanna céanna is bonn lena bhformhór mór: an bhochtaineacht, eisiamh agus iomaíocht le haghaidh acmhainní teoranta, agus na fadhbanna sin ag dul in olcas de bharr an athraithe aeráide, éagobhsaíocht pholaitiúil agus coinbhleachtaí.

An cúnamh daonnúil a thugann Cúnamh Éireann trína chomhpháirtithe, tá sé beartaithe chun cuidiú le daoine, pobail agus tíortha ullmhú i gcomhair géarchéimeanna, teacht slán tríothu agus teacht ar ais chucu féin ina ndiaidh. Is minic a sheasann géarchéimeanna achar fada ama, uaireanta ar feadh blianta fada. Ina lán cásanna, bíonn ar dhaoine a gcuid tithe a fhágáil agus ní féidir leo filleadh orthu ar feadh roinnt blianta, más choíche é. Is mó a chuireann na trioblóidí sin isteach ar thíortha i mbéal forbartha ná mar a chuireann siad isteach ar thíortha eile, agus is iad na fir, na mná agus na paistí is boichte is mó a bhíonn thíos leo.

Bíonn an choinbhleacht ina cúis le riachtanais dhaonnúla, agus is in áiteanna atá faoi thionchar coinbhleachta atá 80 faoin gcéad de na daoine a bhfuil na riachtanais sin acu. Is amhlaidh anois níos mó ná riamh go ndírítear d'aon ghnó ar shibhialtaigh le linn cogaidh, go sáraítear cearta an duine agus gur fánach an meas a bhíonn ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Tá 60 milliún duine easáitithe in aghaidh a dtola ar fud an domhain anois, an líon is mó daoine ó aimsir an Dara Cogadh Domhanda. Tá a bhformhór siúd á n-óstáil i dtíortha amhail an Tuirc, an Phacastáin, an Aetóip, an Chéinia, an Liobáin agus an Iordáin, agus bíonn na tíortha sin ag streachailt chun seirbhísí bunúsacha a sholáthar do phobal atá ag dul i méid.

Tá méid, scála agus déine na n-éigeandálaí fós ag dul in olcas, agus tá beagnach dhá oiread an méid daoine ag fulaingt de bharr géarchéimeanna daonnúla anois is a bhíodh deich mbliana ó shin. In 2015, measadh go raibh cúnamh daonnúil de dhíth ar 77.9 milliún duine ag tús na bliana; 125.3 milliún duine a bhí i gceist faoi dheireadh na bliana. Is mó agus is mó é costas airgeadais na gníomhaíochta daonna gach bliain agus tá an córas daonnúil, sa riocht ina bhfuil sé faoi láthair, ag streachailt chun dul i ngleic leis an bhfadhb. In 2015, bhí easnamh 45 faoi gcéad sa mhaoiniú a bhí ar fáil chun freastal ar riachtanais dhaonnúla, an t-easnamh ba mhó go fóill.

Cúnamh Daonnúil ó Éirinn – ag cosaint na beatha agus na dínite

Is é bunchuspóir chúnamh daonnúil na hÉireann beatha daoine a thabhairt slán agus a chosaint, an fhulaingt a mhaolú agus seasamh le dínit an duine, roimh ghéarchéimeanna, lena linn agus ina ndiaidh. Chuir an Rialtas luach thart ar €140 milliún de chúnamh daonnúil ar fáil ar fud an domhain in 2015, an chuid is mó de trí chlár Chúnamh Éireann. Leithdháileadh acmhainní ar fud tíortha ina raibh géarchéimeanna, chun tacú le cláir faoina bhfuil beatha daoine á dtabhairt slán agus chun freastal ar riachtanais bhunúsacha, ag cosaint daoine atá ag teitheadh ó choimhlint, ag cur leis an rochtain atá acu ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar uisce glan, ag cuidiú le cúrsaí bia agus ag dul i ngleic leis an droch-chothú, agus, nuair is féidir, ag cuidiú le daoine leochaileacha deiseanna a thapú maidir le slite beatha sna pobail agus sna tíortha ina bhfuil siad á n-óstáil faoi láthair.

Tá clár daonnúil na hÉireann bunaithe ar thiomantas láidir don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus do mhaoiniú solúbtha, tráthúil a sholáthar atá bunaithe ar phrionsabail dhaonnúla idirnáisiúnta a bhaineann le neamhspleáchas, neodracht, neamhchlaontacht agus daonnacht. Áirithítear leis na prionsabail sin go mbíonn an cúnamh daonnúil uainn dírithe ar na háiteanna is mó a bhfuil sé de dhíth, ag tabhairt cabhair in am an ghátair do na pobail is leochailí agus is deacra dul chucu, agus go dtugtar gan idirdhealú ar bith é. Cuireann Éire béim faoi leith ar ghéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad, mar shampla trí thacaíocht a tugadh i leith géarchéimeanna i dTuaisceart an Nigéir, san Afganastáin agus in Éimin in 2015, agus i leith géarchéimeanna atá ar siúl le blianta fada. Sna comhthéacsanna sin, tá Éire dírithe ar thacú le slite beatha a chothú arís agus neartú a dhéanamh ar fhorbairt fhadtéarmach na bpobal imirceach agus óstach.

Rannpháirtíocht na hÉireann sa bheartas daonnúil

I mí Iúil 2015, sheol an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus an tAire Stáit um Fhorbairt Beartas na hÉireann um Chúnamh Daonnúil. Léirítear sa Bheartas nuashonraithe comhthéacs dúshlánach na gcúrsaí daonnúla ar fud an domhain faoi láthair agus leagtar amach ann cur chuige na hÉireann i dtaobh riachtanais na bpobal atá buailte ag géarchéimeanna daonnúla a thuiscint agus freastal orthu. Tacaítear leis an gcur chuige sin trí thosaíochtaí beartais ar nós cúnamh daonnúil a thabhairt ar bhonn an riachtanais amháin, daoine a bhfuil na géarchéimeanna ag goilleadh orthu a bheith i gcroílár na gníomhaíochta daonnúla, mná agus cailíní a chosaint agus tacaíocht a thabhairt i gcás géarchéimeanna atá ligthe i ndearmad.

Pabitrya Paudyal, 13 agus í ag léamh leabhair a fuair sí i mbrablach Mheánscoil Chaturmala, foirgneamh scriosta i Muchowk, dúiche Gorkha, Neipeal. Grianghraf: UNICEF/Panday

I mí an Mheithimh 2015, d'fhoilsíomar ár Straitéis ar Thionscnamh Mearfhreagartha na hÉireann. Tá an Tionscnamh Mearfhreagartha ina ghné lárnach dár gclár cúnaimh dhaonnúil. Tugaimid freagra praiticiúil ar ghéarchéimeanna trí mhearfhreagróirí ardoilte a chur chuig an láthair mar bhorr-acmhainn dár gcomhpháirtithe de chuid na Náisiún Aontaithe ar an talamh agus trí sholáthairtí faoisimh éigeandála a chur isteach, amhail pubaill, pluideanna, umair uisce agus cannaí breosla.

Mar ullmhúchán do Chruinniú Mullaigh Daonnúil an Domhain in Iostanbúl, an chéad chruinniú dá leithéid, i mí na Bealtaine 2016, thionóil pobal daonnúil na hÉireann próiseas comhairliúcháin dhá bhliain d'fhonn féachaint ar bhealaí chun feabhas a chur ar fhreagairtí daonnúla ó thíortha aonair agus ó thíortha ag obair as lámha a chéile. Bhí 230 ionadaí sinsearach ón Rialtas, eagraíochtaí neamhrialtasacha, lucht acadúil, an earnáil phríobháideach agus lucht an diaspóra i láthair ag Cruinniú Mullaigh Dhaonnúil na hÉireann i mí Iúil i mBaile Átha Cliath. Is é an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn a chur tús leis na himeachtaí. Ba é seo a leanas an teachtaireacht lárnach a d'eascair as na comhairliúcháin:

"Is iad na daoine atá thíos leis na géarchéimeanna is ceart a bheith i gcroílár gach freagairt ar thubaistí agus ba chóir go dtacódh an ghníomhaíocht dhaonnúil leis na daoine sin agus iad ag streachailt le maireachtáil agus teacht chucu féin."

Freagra na hÉireann ar ghéarchéimeanna móra in 2015

Is í an ghéarchéim sa tSiria a spreag freagra daonnúil aonair is mó na hÉireann. Faoi dheireadh 2015, bhí breis agus 260,000 duine maraithe agus bhí cúnamh daonnúil de dhíth ar thimpeall is 13.5 milliún duine sa tSiria. Measann na Náisiúin Aontaithe go bhfuil níos mó ná 4.8 milliún de mhuintir na Siria teite chuig tíortha comharsanachta. In 2015, gheall Éire €12 mhilliún a thabhairt chun tacú leis an ngéarchéim sa tSiria ach chuir sí breis is €1.7 milliún leis an tsuim sin sa deireadh. Faoi dheireadh na bliana, bhí luach breis is €42 milliún de chúnamh daonnúil tugtha againn i leith na géarchéime sa tSiria ó 2012. Freastalaíonn an t-airgead ó Éirinn ar riachtanais na ndaoine sa tSiria, go háirithe i gceantair atá faoi léigear agus in áiteanna nach éasca dul chucu, agus orthu siúd a theith chuig tíortha comharsanachta, go háirithe an Liobáin agus an Iordáin.

Sampla amháin de fhreagairt na hÉireann ar an ngéarchéim sa tSiria is ea an t-airgead a thugamar don fheachtas 'No Lost Generation', atá faoi stiúir UNICEF agus atá dírithe ar oideachas a chur ar pháistí. Sa tSiria, cláraíodh 3.2 milliún páiste i gcomhair oideachais in 2015 faoin gclár, agus cláraíodh 700,000 páiste eile i dtíortha comharsanacha ina bhfuil dídeanaithe ag cur fúthu.

Thug Éire freagra freisin ar an ngéarchéim imirce a d'fhág gur tháinig níos mó ná 1 mhilliún duine thar farraige chun na hEorpa in 2015, agus gur bádh líon measta 4,000 duine eile. Trínár dTionscnamh Mearfhreagartha, chuireamar cúigear ball dár gCór Mearfhreagartha i mbun seirbhíse in 2015 mar bhorr-acmhainn dár gcomhpháirtithe de chuid na Náisiún Aontaithe sa Mheán-Oirthear agus sna Balcáin. Ina theannta sin, chuir Éire 9 dtonna pluideanna chun bealaigh lena ndáileadh i mí na Nollag 2015 ar dhídeanaithe sa tSeirbia. Thacaíomar freisin leis an obair a dhéanann World Vision sa tSeirbia agus le hobair an Choiste Tarrthála Idirnáisiúnta sna Balcáin. Lena chois sin, rinne Óglaigh na hÉireann cion mór ar mhaithe leis an bhfreagairt dhaonnúil trína gcuid oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála sa Mheánmhuir. Thug siad 8,592 duine slán.

CÚNAMH DAONNÚIL NA hÉIREANN DON tSÚDÁIN THEAS, 2014-2015



TIONSCNAMH MEARFHREAGARTHA NA hÉIREANN IN 2015



Le linn 2015, thug Éire cúnamh daonnúil nach beag do Chorn na hAfraice. Tugadh €23 mhilliún do thíortha éagsúla, an Aetóip, an tSomáil, an tSúdáin, Eiritré agus an tSúdáin Theas ina measc. Tugadh daoine slán de bharr an chúnaimh uainn agus maolaíodh an fhulaingt i gcás teaghlach agus pobal a bhí buailte ag coimhlint, foréigean agus an triomach mór agus na drochthuilte a tharla de bharr dhálaí aimsire El Niño. Chuidíomar le cúrsaí bia, thacaíomar le slite beatha agus dídean éigeandála, chuidíomar le feabhas a chur ar an bhfáil atá ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí cothaithe, agus chabhraíomar an teacht aniar atá sna daoine a chothú

Ar an 25 Aibreán 2015, bhuail crith talún de mhéid 7.8 Neipeal, achar gearr siar ó thuaidh ón bpríomhchathair, Kathmandu. Ba é sin an crith talún ba mheasa a tharla sa réigiún le níos mó ná 80 bliain anuas. Fuair níos mó ná 8,700 duine bás agus gortaíodh níos mó ná 22,200 duine. Scriosadh breis is leathmhilliún tithe. Mar fhreagra, chuir Éire luach €1.6 milliún de chistiú daonnúil Chúnamh Éireann ar fáil, trínár gcomhpháirtithe neamhrialtasacha agus trí ghníomhaireachtaí, chun cúnamh in am an ghátair a thabhairt do mhuintir Neipeal. Áiríodh leis an gcúnamh 114 thonna de nithe faoisimh amhail pubaill agus pluideanna, uisce agus sláintíocht; agus comhairleoireacht agus tacaíocht shíceasóisialta dóibh siúd ar ghoill an crith talún orthu.

Comhpháirtithe na hÉireann sa ghníomhaíocht dhaonnúil

Bíonn ár gcúnamh daonnúil á sholáthar ar an láthair ag ár gcomhpháirtithe, a bhfuil an taithí agus an cumas acu cúnamh a thabhairt do na pobail is leochailí. Nuair is féidir, tacaímid le daoine áitiúla agus eagraíochtaí a bhfuil láithreacht fhadtéarmach acu sna tíortha ina bhfuil géarchéimeanna tarlaithe. Inár dtíortha comhpháirtíochta, bímid ag obair le rialtais náisiúnta agus rialtais áitiúla chun tacú lena bpleananna agus leis an gcumas atá acu freagra a thabhairt.

Ag breathnú chun cinn go dtí 2016...

Agus na riachtanais dhaonnúla seasta ag dul i méid agus coinbhleacht fós ina lán áiteanna ar fud an domhain, cuirfear dúshlán an domhain arís in 2016 i dtaobh gníomhaíocht dhaonnúil. Ghlac Éire páirt ghníomhach sa chéad Chruinniú Mullaigh Daonnúil Domhanda in Iostanbúl i mí na Bealtaine 2016 agus tá sí ag obair ar son cúnamh daonnúil níos éifeachtaí, níos trédhearcaí agus níos cuntasaí a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaoine is mó atá buailte ag na géarchéimeanna.

AN AETÓIP

- Daonra: **96.5 milliún**
- Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine: **$1,428**
- Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna: **174 as 187 dtír**
- Príomhthír Chomhpháirtíochta ón mBliain: **1994**
- Ionchas Saoil: **64**

Tithe agus barra fheirmeoirí kebele Debre Birhan, Hawzen Woreda, Réigiún Tigray, an Aetóip. Grianghraf: Diane Guerrier/Comhairleoir IIED

Ag déileáil le El Niño agus ag feabhsú cúrsaí freagrachta

Faoi dheireadh na bliana 2015, bhí an Aetóip i ngreim an triomaigh ba mheasa le caoga bliain mar gheall ar dhálaí aimsire El Niño ar fud an domhain. Bhí an-tionchar ag an teagmhas aeráide sin ar dhá shéasúr báistí na bliana. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar líon na ndaoine ar theastaigh cúnamh bia uathu ó 2.9 milliún i mí Eanáir go dtí 10.2 milliún faoi mhí na Nollag.

Thug Éire freagra tapa ar an triomach: mhéadaigh sí faoi thrí a ranníocaíocht le Ciste Rialtas na hAetóipe um Fhreagairt Dhaonnúil. Thug Éire €3.8 milliún san iomlán ar son na cúise sin in 2015, lenar tugadh tacaíocht do 400,000 duine. Bhí foireann Ambasáid na hÉireann ag obair i ndlúthpháirt le riarthóirí an chiste chun comhairle a chur ar dhaoine faoin úsáid ab fhearr a bhaint as an airgead agus monatóireacht a dhéanamh ar an úsáid sin. Leithdháileadh 44 faoin gcéad den Chiste don chothú, 17 faoin gcéad don uisce agus don tsláintíocht agus is i réimse na talmhaíochta a caitheadh an tríú sciar airgid ba mhó.

Is é an chomhpháirt is mó de chlár Chúnamh Éireann san Aetóip ná Clár na Líontán Sábháilteachta Táirgiúlachta, ar chabhraigh Cúnamh Éireann lena bhunú. Bunaíodh an clár chun cabhrú le pobail bhochta tuaithe dul i ngleic le ganntanas leanúnach bia de bharr triomaigh agus de bharr na bochtaineachta. Cuirtear idir airgead agus bhia ar fáil ag brath ar an séasúr agus ar an riachtanas, agus is bia is mó a thugtar sa séasúr neamhthorthúil idir Meitheamh agus Lúnasa. I gcás 5.1 milliún duine nach raibh soláthar cinnte bia acu, fuair siad airgead nó bia tríd an gclár sin in 2015.

PRÍOMHTHORTHAÍ

I gcás 400,000 dhaoine a raibh drochthionchar ag triomach El Niño orthu, bhaineadar leas as tacaíocht ó Chúnamh Éireann.

I gcás 5.1 milliún duine nach raibh soláthar cinnte bia acu, fuair siad airgead nó bia trí Chlár na Líontán Sábháilteachta Táirgiúlachta, a dtacaíonn Cúnamh Éireann leis.

Tugadh cúnamh dlí saor in aisce do 28,157 n-íospartach foréigin, ar daoine bochta, imeallaithe iad agus ar mná iad 71 faoi gcéad díobh.

Níl ach gné amháin de chár Chúnamh Éireann san Aetóip i gceist leis an gcúnamh a thugtar dóibh siúd is mó atá i mbaol, i gcomhthéacs ganntanas leanúnach bia agus suaitheadh aeráide. Thacaigh Cúnamh Éireann le feirmeoirí i dtaobh leas a bhaint as modhanna nach gcuireann an triomach as chomh mór dóibh. D'fhág sé sin, in ainneoin an triomaigh, gur tháirg na feirmeoirí sin 40 faoin gcéad níos mó bia in 2015 ná mar a tháirg siadsan a bhain leas as modhanna traidisiúnta.

Colún eile den chlár oibre is ea an obair leis an tsochaí shibhialta chun spreagadh a thabhairt do phobail a bhfuil an claonadh iontu gan a bheith chomh gníomhach sa phróiseas forbartha ionas go nglacfaidh siad páirt ann, go gcuirfidh siad a gcuid tuairimí in iúl agus go dtuigfidh siad a gcearta. Sampla de sin is ea an tacaíocht a thugamar do Chumann Bandlíodóirí na hAetóipe agus d'ocht n-ollscoil réigiúnacha chun cúnamh dlíthiúil saor in aisce a thabhairt dóibh siúd a bhfuil sásamh dlí nó treoir faoin dlí á lorg acu. Bunaíodh an tionscadal sin i gcomhar leis an gCoimisiún um Chearta an Duine san Aetóip agus díríonn sé go háirithe ar na daoine a bhfuil Foréigean Inscne ag goilleadh orthu. In 2015, cuireadh comhairle ar 28,157 nduine, ar mná iad 71 faoin gcéad díobh, nó tugadh cúnamh dóibh pléadálacha a ullmhú, nó cuidíodh leo trí aighneachtaí a chur faoi bhráid na cúirte, nó le headráin agus atreoruithe.

STAIDÉAR CÁIS – Ionad na hAetóipe don Mhíchumas

Lemma Nigatu, Aster Laketch agus Friends Stationery Services Cooperative, Debre Birhan. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Mar fhreagra ar bheartas Chúnamh Éireann i dtaobh a chinntiú nach bhfágfar duine ar bith ar lár, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas, in 2015 thosaigh ár gclár san Aetóip ag tacú le hIonad na hAetóipe don Mhíchumas.

Is ó cheantar tuaithe Seamhan Shoa i réigiún Amhara na hAetóipe do Lemma Nigatu. Nuair a bhí sé 12 bhliain d'aois fágadh go tobann gan lúth na ngéag é óna choim síos. Tháinig cuid éigin den tsoghluaisteacht choirp ar ais chuige ach fágadh a chos lagaithe go buan. Chríochnaigh sé grád a seacht ach níorbh fhéidir leis leanúint dá chuid oideachais. Mar a dúirt sé féin, "*conas is féidir le duine a bheith ag foghlaim gan greim le hithe?*" Tar éis dó dul chun cónaí in Debre Birhan nuair a bhí sé bliain is tríocha d'aois, thosaigh Lemma i mbun gnó le cóiste capaill chun earraí agus daoine a iompar. Níor thuill sé airgead fiúntach, áfach, toisc gur fhág an míchumas atá air go raibh sé mall agus earraí á n-iompar aige chuig an gcóiste agus uaidh. Tar éis gur mhol a oifig rialtais áitiúil dó é, chuaigh sé i gcomharchumann ina bhfuil deichniúr faoi mhíchumas a dtacaíonn Cúnamh Éireann leo.

Tugadh an caipiteal do Nigatu agus na daoine eile sin chun ionad gnó a chur ar bun in aice le hOllscoil Debre Birhan. Cuireadh oiliúint orthu i dtaobh trealamh ionaid gnó a úsáid agus a chothabháil, lena n-áirítear printéirí, gléasanna fótachóipeála, greamaitheoirí, scanóirí agus ríomhairí. Cuireann Lucht Riaracháin na Cathrach áitreabh saor ó chíos ar fáil dóibh, agus thosaigh a gcomharchumann nua, *'Aster Laketch and Friends Stationery Services Cooperative Shareholder Association'*, i mbun gnó in 2015. *"Is maith an áit a bhfuil an siopa lonnaithe… tá muinín againn go mbeidh gnó maith le déanamh ó mhic léinn agus baill foirne na hollscoile"*, a dúirt Lemma.

"Níl aon dul siar anois. Táimid meáite ar athrú a dhéanamh ar an saol."

AN MHALÁIV

- Daonra: **16.8 milliún**
- Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine: **$747**
- Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna: **173 as 187 dtír**
- Príomhthír Chomhpháirtíochta ón mBliain: **2007**
- Ionchas Saoil: **63**

Bean a bhaineann leas as aistriú airgid shóisialta agus a ríomh-íocaíocht mhíosúil a fáil aici in Balaka, Réigiún an Deiscirt, an Mhaláiv. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Cúnamh Éireann ag baint triail as nuálaíochtaí spreagúla: luchtú fón le soirn chócaireachta agus ag aistriú airgead sóisialta chuig teaghlaigh faoin tuath trí chóras ríomhbhaincéireachta

Chuaigh cúrsaí i gcoinne na Maláive ag tús 2015 nuair a tharla drochthuilte in a lán áiteanna sa tír. Stop an bháisteach go luath ina dhiaidh sin agus bhí triomach i réim faoi dheireadh an tséasúir fáis. Tarlaíonn dálaí adh-aimsire dá leithéid go rialta in a lán de thíortha cláir Chúnamh Éireann agus milltear slite beatha dá mbarr. Tá Cúnamh Éireann ag díriú níos mó agus níos mó ar an oiriúnú don athrú aeráide dá bharr sin. Faoin chlár Chúnamh Éireann don bhliain 2015 sa Mhaláiv, cuidíodh le breis is 2.2 milliún teaghlach dul i ngleic le tuilte agus triomach na bliana seo trí réimse tionscadal atá díríthe ar shlite beatha a dhaingniú agus tacú le cláir éigeandála airgid.

Lean Cúnamh Éireann ar aghaidh ag tabhairt cúnaimh do Chlár Náisiúnta na Maláive um Aistriú Airgid Shóisialta i rith na bliana. Cuireadh go mór le raon feidhme an chláir in 2015, agus anois sroicheann sé 711,413 nduine – méadú faoi thrí ó dheireadh na bliana 2014 – agus tabharfar cúnamh do 10 faoin gcéad de theaghlaigh na Maláive faoin gclár faoi 2017. Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht dhíreach don chlár um aistriú airgid shóisialta i ndúiche Balaka (8,519 dteaghlach) agus in 2015 d'éirigh go geal le treoirthionscadal faoina ndearnadh íocaíochtaí ríomhbhaincéireachta. D'fhógair Rialtas na Maláive le déanaí go bhfuil sé ar intinn aige leas a bhaint as ríomhíocaíochtaí le haghaidh gach íocaíocht Airgid Shóisialta feasta.

Tá úsáid níos forleithne na sorn cócaireachta breosla-éifeachtúil ina sampla tábhachtach follasach den chaoi ina gcabhraíonn Cúnamh Éireann le pobail dul in oiriúint don athrú aeráide. Úsáidtear níos lú breosla sna soirn chócaireachta fheabhsaithe, rud a fhágann go laghdaítear an costas ar theaghlaigh agus an tionchar ar an gcomhshaol sa cheantar.

PRÍOMHTHORTHAÍ

Fuair 2.2 milliún teaghlach tacaíocht ó Chúnamh Éireann tar éis suaitheadh aeráide

Cuireadh go mór le Clár Náisiúnta na Maláive um Aistriú Airgid Shóisialta in 2015, agus tugadh cúnamh faoin gclár do 711,413 dhuine díobh siúd is boichte sa Mhaláiv, trí oiread an méid daoine is ar tacaíodh leo faoin gclár náisiúnta an bhliain roimhe sin.

Faoi dheireadh 2015, measadh go raibh thart ar 382,000 teaghlach sa Mhaláiv ag baint úsáide as soirn chócaireachta bhreosla-éifeachtúla mar chuid den obair a dhéanann Cúnamh Éireann i dtaobh dul in oiriúint do thionchar an athraithe aeráide.

Thug Éire soirn shaor in aisce do níos mó ná 8,000 tairbhí in Balaka, agus díoladh 8,000 sorn eile trí dhíolacháin táirgthe. Go dtí seo, tá Cúnamh Éireann tar éis ról a bheith aige in úsáid 382,000 sorn cócaireachta bhreosla-éifeachtúil agus tá súil aige coinneáil leis an ról láidir atá aige chun sprioc an Rialtais – 2 mhilliún sorn – a bhaint amach faoi 2020.

Faoin dara tionscadal nuálaíochta in 2015, a raibh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Concern Universal ina bhun le tacaíocht ó Chúnamh Éireann, leathnaíodh an úsáid a bhaintear as soirn chócaireachta bhreosla-éifeachtúil mar fhoinse leictreachais. Is sa cheantar áitiúil a mhonaraítear an sorn píolótach a ghineann teirmealeictreachas agus is féidir fóin phóca, raidiónna agus soilse a luchtú uaidh.

STAIDÉAR CÁIS – Slite beatha a chosaint ón athrú aeráide

Grace Banda agus í ina seasamh in aice a tí, a tógadh le brabús a tuilleadh tríd an gclár ECRP. Grianghraf: Louis Suwedi /Christian Aid

Tá cónaí ar Grace Banda i Sráidbhaile Chingwe i ndúiche Nsanje, i dtuaisceart na Maláive. Tá sí pósta agus triúr mac agus iníon aici agus tugann an teaghlach aire do pháiste eile freisin. Sular ghlac sí páirt sa Chlár um Athléimneacht an Phobail a Fheabhsú, clár a dtacaíonn Cúnamh Éireann leis, is ó obair ócáideach feirme agus díol sneaiceanna is mó a tháinig ioncam Grace. Bhí an teaghlach ag streachailt ó thaobh airgid mar nár thuill sí ach dhá euro (1,500 de kwacha na Maláive) in aghaidh an lae; agus is ar éigean a bhí siad in ann maireachtáil ar an méid sin. "***Bhínn ag triail a bheith i mbun gnó éigin agus chaití an brabús go léir ar bhia agus rudaí beaga eile,***" a deir Grace.

Ó ghlac sí páirt sa chlár, tá Grace tar éis éagsúlú a dhéanamh ar a cuid tuillimh ón ngnó le hiasacht ó eagraíocht choigiltis agus iasachtaí sa sráidbhaile. Leis an iasacht sin, d'éirigh le Grace earraí bia ar luach ní b'airde a aimsiú le díol. Anois, díolann sí rollaí arán agus iasc faoi dhó sa tseachtain ag margadh sráidbhaile sa chomharsanacht. Má bhíonn an t-ádh léi, tuilleann Grace beagnach fiche euro (15 000 de kwacha na Maláive), a chuireann go mór le hioncam an teaghlaigh. Leis an ioncam sin d'éirigh le Grace a dóthain airgid a shábháil chun teach slán sábháilte a thógáil don teaghlach.

Tríd an gclár freisin, bhain Grace agus a fear céile tairbhe as comhairle agus tacaíocht ar thalmhaíocht chaomhnaithe, agrafhoraoiseacht agus uisciú ar scála beag. Faigheann sí teachtaireachtaí réamhaisnéise aeráide ar a fón póca freisin.

Bíonn na hidirghabhálacha sin ag obair as lámha a chéile agus rinne siad difríocht mhór do shaol mhuintir Banda. Den chéad uair le blianta fada, tá Grace in ann na rudaí a theastaíonn ón teaghlach a cheannach.

MÓSAIMBÍC

- Daonra: **26.5 milliún**
- Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine: **$1,123**
- Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna: **180 as 187 dtír**
- Príomhthír Chomhpháirtíochta ón mBliain: **1996**
- Ionchas Saoil: **55**

Droichead Luchimua i gcúige Niassa, a tógadh le cistí Chúnamh Éireann chun feabhas a chur ar chumarsáid talún idir dúiche Majune agus dúiche Mandimba. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Ag cuidiú le pobail dul in oiriúint don Athrú Aeráide agus rochtain a fháil ar sheirbhísí níos fearr

Tá clár tacaíochta na hÉireann do Mhósaimbíc ar an gceann is mó de chláir thíre dhéthaobhacha Chúnamh Éireann. Clúdaíonn an straitéis reatha an tréimhse idir 2011 agus 2016, agus in 2015 rinneadh athbhreithniú ar an gclár chun an dul chun cinn go dtí seo a mheas. Sonraíodh san athbhreithniú go bhfuil ag éirí go maith leis an gclár, atá dírithe ar fhás geilleagrach cuimsitheach, ar chabhrú le pobail dul in oiriúint don athrú aeráide agus ar fheabhas a chur ar sheirbhísí sláinte agus oideachais, go háirithe i gcás na bpobal is imeallaithe.

Tá feabhas as cuimse tagtha ar an bhfáil atá ar sheirbhísí bunúsacha le 20 bliain anuas i Mósaimbíc, tar éis gur scriosadh iad, geall leis, le linn na mblianta ina raibh coinbhleacht agus cogadh cathartha ar siúl. Mar atá amhlaidh inár gcláir thíre go léir, tá cur chuige dhá bhealach ag Éirinn: idirphlé gníomhach maidir le beartas agus tacaíocht spriocdhírithe airgeadais. Sa Mhósaimbíc, d'fhág an obair láidir rannpháirtíochta maidir le beartas, le maoiniú spriocdhírithe agus le tacaíocht theicniúil gur ritheadh reachtaíocht thábhachtach agus gur ullmhaíodh straitéisí náisiúnta. Tá Éire ina comhchathaoirleach faoi láthair ar an ngrúpa deontóirí ar chothú agus chuidigh ár gcuid oibre le titim sa ráta báis, de thoradh an ghéar-mhíchothaithe, ó 25 faoin gcéad in 2010 go dtí 11.6 faoin gcéad in 2015. Sampla eile is ea an obair a dhéantar i gcomhar leis an rialtas ionas go mbeidh fáil níos fearr ar bhunseirbhísí; le trí bliana anuas, tá méadú 10 faoin gcéad tagtha ar líon na bpáistí atá á gclárú sna bunscoileanna.

Sampla eile de ról lárnach na hÉireann san fhorbairt i Mósaimbíc is ea an earnáil sláinte. In 2015, rinne Éire ionadaíocht ar son na ngníomhaireachtaí go léir a thacaíonn leis an earnáil sláinte in idirphlé leis an Aireacht Sláinte i Mósaimbíc, agus thapaigh sí an deis chun díriú ar fheabhas a chur ar acmhainní daonna agus bainistíocht airgeadais san earnáil sin. Tá toradh maith le feiceáil ar obair na hÉireann i gcomhar le rialtas Mhósaimbíc agus le deontóirí eile. I mbliana, mar shampla, tuairiscíodh gur tháinig méadú ar líon na mbreitheanna faoi mhaoirseacht ó 62 faoin gcéad go dtí 75 faoin gcéad in 2015. Is táscaire tábhachtach é sin i dtaobh mortlaíocht máithreacha a laghdú.

PRÍOMHTHORTHAÍ

Tá Éire ina comhchathaoirleach ar an ngrúpa deontóirí idirnáisiúnta ar chothú agus chuidigh ár gcuid oibre le titim sa ráta báis, de thoradh an ghéar-mhíchothaithe, ó 25 faoin gcéad in 2010 go dtí 11.6 faoin gcéad in 2015.

Bíonn Éire ag obair i bpáirt leis an rialtas chun feabhas a chur ar an bhfáil atá ar sheirbhísí bunúsacha; sampla den mhéid sin is ea gurb amhlaidh, le trí bliana anuas, go bhfuil méadú 10 faoin gcéad tagtha ar líon na bpáistí atá á gclárú sna bunscoileanna.

Tháinig méadú ar líon na mbreitheanna faoi mhaoirseacht – mórtháscaire ar an rath i dtaobh mortlaíocht máithreacha a laghdú – ó 62 faoin gcéad in 2010 go dtí 75 faoin gcéad in 2015.

STAIDÉAR CÁIS – Feabhas a chur ar chothú páistí in Niassa

Páistí an phobail i rith fhómhar na bprátaí milse oráiste, Lichinga, Cúige Niassa, Mósaimbíc. Grianghraf: Benjamin Rakotoarisoa

Buachaill bliain d'aois is ea Jervino Santos. Mí amháin tar éis a bhreithe, níor fhéad a mháthair beathú cíche a thabhairt dó a thuilleadh mar gheall ar fhadhbanna sláinte. Ní raibh aon dul as ag Margarida Assa ach bainne a cheannach ó shiopa beag sa cheantar dá leanbh. Faoin am a bhí sé mhí slánaithe ag Jervino, bhí airíonna an mhíchothaithe le sonrú air. Bhí Lucia Bizale, a sheanmháthair, ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le prátaí milse oráiste a ithe agus bhailigh sí fíniúnacha ó gharraí in aice láimhe chun a cuid plandaí féin a chur.

Tá a lán den Vitimín A sa phráta milis oráiste. D'ullmhaigh Lucia é gach lá trína mheascadh le cnónna meilte, purée glasraí nó púdar iasc agus bhí sé sin ina phríomh-aiste bia ag Jervino ar feadh sé mhí. Tháinig sé chuige féin agus is páiste folláin anois é a bhfuil a sheanmháthair fíor-bhródúil as.

Is mór an dúshlán é an míchothú (agus easpa vitimín A go háirithe) i measc páistí óga i Mósaimbíc. In Niassa, cúige i dtuaisceart Mósaimbíc, atá ar cóimhéid le hÉirinn agus a leath arís, bhí míchothú ag gabháil do 44 faoin gcéad de na páistí faoi bhun cúig bliana d'aois in 2013.

Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, tá Cúnamh Éireann ag cistiú an tionscadail 3 bliana ar a dtugtar 'Nutritious Orange-fleshed Sweet Potato for Niassa'. Tugtar cúnamh faoin tionscadal do 20,000 teaghlach ina bhfuil páistí óga. Ag obair dóibh le feirmeoirí áitiúla, tá borradh faoin táirgeadh agus faoin tomhaltas. Tá teaghlaigh in ann airgead a thuilleamh ó na fréamhacha breise freisin.

Ní bia é an práta milis oráiste a d'ití go traidisiúnta in Niassa san am atá caite, ach anois tá na prátaí sin ina gcuid d'aiste bia na ndaoine i gceantair spriocdhírithe, agus fiú próiseálann bácúis bheaga iad chun arán agus brioscaí a dhéanamh astu.

SIARRA LEON

- Daonra: **6.2 milliún**
- Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine: **$1,780**
- Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna: **181 as 187 dtír**
- Príomhthír Chomhpháirtíochta ón mBliain: **2014**
- Ionchas Saoil: **51**

Radharc sráide in Freetown, Siarra Leon. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Tar éis Ebola – Ag dul ar ais ar an mBóthar Ceart sa Phríomhthír Chomhpháirtíochta is nuaí de chuid na hÉireann

Ba í Siarra Leon an tír ba mheasa a goilleadh uirthi le linn an ráig Ebola ba mhó riamh i dtaobh líon na gcásanna a tuairiscíodh. Tháinig an tír slán ón ngéarchéim in 2015, nuair a d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go hoifigiúil i mí na Samhna go raibh an ráig Ebola thart. Bí ról láidir comhordaithe ag Ambasáid na hÉireann in Freetown i dtaobh an eipidéim a chur faoi smacht agus d'éirigh go geal léi agus í ag iarraidh go mbeadh ról neartaithe ag eagraíochtaí neamhrialtasacha sa fhreagairt agus go gcinnteofaí go mbeadh a ndóthain bia acu siúd a bhí ar coraintín. Chuir Éire €18.5 milliún san iomlán ar fáil don iarracht chun deireadh a chur leis an eipidéim in Iarthar na hAfraice.

Cé go rabhthas gafa leis an ráig Ebola sa chéad leath de 2015, thug an Rialtas agus na deontóirí arís sa dara leath den bhliain faoina gcuid gníomhaíochtaí forbartha a cuireadh ar feitheamh a fhad agus a bhí siad ag dul i ngleic leis an ngalar sin. Ullmhaíodh plean téarnaimh naoi mí agus thionscain agus stiúir Éire comhordú na ndeontóirí chun tacú leis an bplean.

Le linn na bliana 2015, chaith Éire breis is €3.3 milliún ar thacaíocht i dtaobh cothaithe agus slándáil bia. Tá idir dhea-scéala agus droch-scéala sa dul chun cinn maidir le cothú i Siarra Leon. Sna torthaí ar shuirbhé ar mhicreachothaithigh a rinneadh le tacaíocht ó Chúnamh Éireann, léirítear rátaí ainéime measta 76% i measc páistí faoi bhun cúig bliana d'aois. Is scanrúil an toradh é sin. Tá Cúnamh Éireann tosaithe ag obair air sin anois agus tá sé ina bhall den Ghrúpa Oibre Ainéime a bunaíodh le déanaí. A mhalairt scéil atá i gceist i dtaobh an dul chun cinn atá déanamh maidir le dul i ngleic leis an nGéar-Mhíchothú Trom, agus tá an ráta leighis ardaithe ó 93.2% in 2014 go dtí 95.4% in 2015.

Tá fianaise láidir ann anois freisin gur in olcas a chuaigh droch-chás na mban agus na gcailíní i Siarra Leon le linn na géarchéime Ebola. Cuireadh leis an ualach atá ar mhná agus ar chailíní ina gcáil mar chúramóirí sa teaghlach agus tháinig méadú ar an bhforéigean gnéasach, ar an bhforéigean inscne agus ar líon na dtoircheas i measc déagóirí le linn na ráige. In 2015, d'éirigh leis an Misean stocaireacht a dhéanamh ar an Rialtas chun clár oideachais a chur ar bun do chailíní torracha tar éis gur cuireadh chun bóthair iad ó ghnáthscoileanna.

Déanann an Ambasáid i Siarra Leon bainistíocht ar chlár cúnaimh na hÉireann don Libéir freisin. Ba bhliain an-dúshlánach í 2015 don Libéir agus an tír ag dul i ngleic leis an ráig Ebola agus leis an laghdú ar phraghsanna onnmhairí amhail rubar agus iarann, a mbaineann an-tábhachtach leo araon do gheilleagar na Libéire.

Mar a tharla i Siarra Leon, cuireadh bac ar an dul chun cinn i dtaobh forbartha agus i gcásanna áirithe is chun cúil a chuaigh rudaí mar gheall ar an ráig Ebola. Dúnadh ionaid sláinte, seomraí ranga agus margaí chun an eipidéim a choinneáil faoi smacht, rud a raibh tionchar mór aige ar phobail a bhí leochaileach cheana féin.

Lean Éire ag aghaidh ag díriú ar fheabhas a chur ar sholáthar seirbhísí sláinte sa Libéir i rith na bliana. Cuireadh bearta chun feidhme i gcomhpháirtíocht leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí eile chun oibrithe sláinte a fhostú agus oiliúint a chur orthu, agus chun an córas sláinte náisiúnta a neartú. Bhí tuar luath ar bhorradh a bheith faoin fhorbairt arís nuair a baineadh amach clúdach 99% ar fud 15 chontae i bhfeachtas imdhíonta do pháistí idir 0-5 bliana d'aois. Ina theannta sin, tosaíodh ar an dul chun cinn arís i dtaobh scileanna na foirne sláinte a neartú i ndáil le bainistíocht airgeadais agus leas a bhaint as an gcóras faisnéise um bainistíocht sláinte.

Tá bliain ghnóthach roimh fhoireann Ambasáid na hÉireann in Freetown. Chun tógáil ar an méid a baineadh amach in 2015 agus an ráig Ebola curtha di ag an tír, tá foireann na hAmbasáide ag cur chun críche straitéis nua i dtaobh thacaíocht na hÉireann don dá thír don tréimhse 2016-2017.

PRÍOMHTHORTHAÍ

D'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i mí na Samhna go bhfuil an ráig Ebola i Siarra Leon thart.

Tháinig méadú ar líon na bpáistí a tháinig slán ón nGéar-Mhíchothú Trom i Siarra Leona ó 93.2 faoin gcéad i mí Eanáir 2014 go dtí 95.4 faoin gcéad i mí an Mhárta 2015.

Baineadh amach clúdach 99 faoin gcéad faoi fheachtas imdhíonta in 15 chontae sa Libéir, faoinar cosnaíodh páistí ar thinneas agus ar mhíchumas.

STAIDÉAR CÁIS – Rochtain ar an Oideachas i gCás Cailíní sna Déaga atá ag Iompar Clainne

"D'fhág mé an scoil mar nach féidir liom íoc as an oideachas. Tá cúrsaí athraithe anois, a bhuí le Saorálaithe Restless Development a d'athraigh m'intinn agus a d'athraigh an pobal ionas go bhfeictear nach mór cailíní a chur ar ais ar scoil."

Is iad sin na focail a dúirt Aminata Kamara, cailín 16 bliana d'aois atá ina ball den 'Layyah Girls' Club' in Koya Chiefdom, Dúiche Thuaidh Port Loko, Siarra Leon. Mar gheall ar thionscadal arna chistiú ag Cúnamh Éireann, in éineacht le *Restless Development* (eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta a thugann tacaíocht don oideachas), tá Aminata imithe ar ais ar scoil.

Stop Aminata ag dul ag Meánscoil Naomh Pól ar chúiseanna éagsúla. Ar an gcéad dul síos, bhí sé an-deacair ag a tuismitheoirí na costais scolaíochta a íoc. B'éigean do Aminata 10 míle a shiúl gach uile lá ó phobal Layyah chomh fada le pobalscoil Madigan. Lá amháin, díreach mar a tharla don iomaí duine eile roimpi, cuireadh pionós ar Aminata as a bheith déanach toisc go raibh uirthi obair tí a dhéanamh sular bhuail sí bóthar chun na scoile ar maidin. Chinn Aminata nach raibh an t-oideachas i ndán di féin agus d'éirigh sí as.

Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, thug *Restless Development* cuireadh di a bheith ar dhuine de bhunaitheoirí chlub cailíní an phobail – agus bhí áthas ar Aminata an deis sin a thapú. Chuaigh club na gcailíní i gcomhairle le teaghlach Aminata agus le tuismitheoirí cailíní eile a bhí tar éis an scoil a fhágáil sula raibh a gcuid oideachais curtha i gcrích. Insíodh scéalta spreagúla don phobal faoi mhná móra le rá i Siarra Leon, faoi mar a bhídís ag streachailt tráth agus faoi mar a d'athraigh an t-oideachas a saol. Mhúscail an club neart agus misneach chun tacú leis na cailíní agus iad ag filleadh ar an scoil.

Anois tá Aminata Kamara ag freastal arís ar Mheánscoil Shóisearach 3; agus tá sí ag ullmhú chun tabhairt faoin scrúdú don Teastas Bunoideachais (BECE). Tá sé geallta ag a tuismitheoirí anois go dtabharfaidh siad lántacaíocht dá cuid oideachais. Ba bhreá le Aminata a bheith ina dlíodóir.

Aminata Kamara, cailín 16 bliana d'aois atá ina ball den 'Layyah Girls' Club' in Koya Chiefdom, Dúiche Thuaidh Port Loko, Siarra Leon. Grianghraf: UNFPA, Sierra Leon

AN TANSÁIN

- Daonra: **50.8 milliún**
- Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine: **$2,411**
- Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna: **151 as 187 dtír**
- Príomhthír Chomhpháirtíochta ón mBliain: **1975**
- Ionchas Saoil: **65**

Christopher agus Matilda ón Ghrúpa Tairgeoirí Lusanna na Gréine Mnyororo, Dúiche Chunya, Mbeya, an Tansáin. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Tothaí a sheasfaidh an aimsir a bhaint amach i dtaobh cúram sláinte agus cothaithe

Thug Éire, mar aon le baill eile den phobal idirnáisiúnta, tacaíocht do reáchtáil na dtoghchán Uachtaránachta sa Tansáin in 2015. Is í 2016 an bhliain deiridh de straitéis tíre na hÉireann i leith na Tansáine agus faoi dheireadh na bliana bhí an obair faoi lán seoil chun straitéis nua cúig bliana a ullmhú i leith chlár na hÉireann sa Tansáin don tréimhse 2017-2021.

Tá sé ina ghné de chlár Chúnamh Éireann sa Tansáin le fada an lá feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí sláinte sa tír sin agus ar an bhfáil atá ag gach duine orthu. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar shláinte páistí le deich mbliana anuas, níl an dul chun cinn céanna sin déanta, ó thaobh nirt ná réimse tionchair, maidir le sláinte na mban agus na gcailíní. Faigheann beagnach 8,000 bean bás gach bliain le linn luí seoil, agus ní bhíonn freastalaí breithe oilte i láthair ach i gcás leath na mbreitheanna. Tá ganntanas oibrithe sláinte oilte, go háirithe i gceantair thuaithe agus i gceantair iargúlta, ag cur srian mór ar an dul chun cinn.

Díríonn clár tacaíochta na hÉireann don tsláinte sa Tansáin ar an gcóras sláinte poiblí a neartú, toisc gur gá athrú ar bhonn áitiúil a bhaint amach ionas go mbeidh an t-athrú sin buan. Téann Éire i mbun comhpháirtíochta le heagraíochtaí rialtais agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun feabhas a chur ar an bhfáil atá ar chógais agus trealamh riachtanach, ar dháileadh na n-oibrithe sláinte agus ar an gcumas atá ag pobail i dtaobh seirbhísí níos fearr a éileamh. Ina theannta sin, cuireann Éire tacaíocht spriocdhírithe ar fáil do dhaoine leochaileacha nach bhfreastalaítear ar a gcuid riachtanas faoi láthair sa chóras poiblí.

PRÍOMHTHORTHAÍ

100,000 babhta sainchomhairliúcháin curtha ar fáil do dhaoine atá ag maireachtáil faoi mhíchumas trí thacaíocht ó Chúnamh Éireann in 2015.

Rátaí báis i measc páistí faoi chúig laghdaithe ó 147 (in aghaidh gach 1000 beobhreith) in 2000 go dtí 66 in 2012.

An cóimheas mortlaíochta máithreacha laghdaithe ó 605 (in aghaidh gach 100,000 beobhreith) in 2005 go dtí 432 in 2012.

Bhí Éire ina cathaoirleach ar an ngrúpa deontóirí a thacaíonn le cúrsaí sláinte sa Tansáin sa dara leath de 2015 agus thapaigh sí an deis sin chun tacú leis an Aireacht Sláinte i dtaobh straitéis náisiúnta sláinte nua a chur chun cinn, faoina dtugtar tús áite d'acmhainní daonna feabhsaithe don tsláinte agus d'fháil chothrom a bheith ar na seirbhísí sláinte. A bhuí leis an tacaíocht ó Chúnamh Éireann, mar shampla, cuireadh seachtar is fiche gairmí cúraim sláinte oilte breise ag obair i gceantair iargúlta, rud a d'fhág gur laghdaigh an bhearna scileanna ó 57 faoin gcéad go dtí 32 faoin gcéad sna saoráidí ar díríodh orthu.

Is dúshlán é don rialtas agus dá chomhpháirtithe go fóill freastal ar riachtanais na ndaoine atá faoi mhíchumas. De bharr na tacaíochta ó Chúnamh Éireann, cuireadh breis is 100,000 othar faoi mhíchumas ar aghaidh chuig sainchomhairleoirí, i réimse na hoftailmeolaíochta agus na hortaipéidice den chuid ba mhó, san ospidéal míchumais is mó sa tír.

Tá sé ina chuspóir cúram sláinte feabhsaithe a bhaint amach, mar aon le cuspóirí eile chlár na hÉireann sa Tansáin: aghaidh a thabhairt ar chothú, cuidiú le feirmeoirí beag agus freagracht baile a neartú, agus neartaíonn na cuspóirí sin uile a chéile. Beidh an chéad straitéis eile bunaithe go láidir ar an bhfoghlaim agus an anailís, agus foghlaimeofar ceachtanna ó chláir reatha agus ó chinn atá curtha i gcrích.

STAIDÉAR CÁIS – Teicneolaíocht shimplí a dhéanann athrú ar an saol

Cé gur rugadh Amina agus í ar leathchois, ní stopfaidh rud ar bith í ó dhul i ngleic leis an domhan.

Ag Ospidéal Míchumais Ionad Athshlánaithe Cuimsitheach an Phobail sa Tansáin (CCBRT) i nDárasalám, cuireadh cos bheag phróistéiteach ar Amina, a tugadh di saor in aisce. Ar dtús, ní raibh Amina compordach agus í ag baint úsáide as an gcos phróistéiteach, ach tar éis cuairteanna rialta ar chlinicí CCBRT, d'fhoghlaim Amina conas gluaiseacht faoi chompord leis an ngléas uirthi. Anois, tá Amina sásta lena cos phróistéiteach, agus suíonn sí agus déanann gluaiseachtaí beaga aisti féin. Tá sí in ann a bheith ag spraoi lena cairde agus gnáthshaol a chaitheamh mar pháiste óg fuinniúil, agus beidh sí fós ag teacht i gcomhair athshlánúcháin agus cosa próistéiteacha nua agus í ag fás aníos.

Anois agus a hiníon in ann gluaiseacht go compordach, níl Rebecca, máthair Amina, chomh buartha faoina bhfuil i ndán do Amina.

Rebecca i gcuideachta Amina, Ospidéal CCBRT, Dar es Salaam, an Tansáin. Grianghraf: Sala Lewis/CCBRT

Tá níos mó ama aici chun aire a thabhairt dá clann agus fiú tá post páirtaimseartha aici. "Táim fágtha gan focal," a deir Rebecca nuair a iarrtar uirthi cur síos air a thabhairt air sin go léir. "Níor fhéad mé cos phróistéiteach a cheannach as mo stuaim féin. Níl le rá agam ach míle buíochas le CCRBT."

Tá Cúnamh Éireann ag tacú le hOspidéal Míchumais CCBRT le fada an lá. In 2015, thug Cúnamh Éireann €700,000 chun tacú le seirbhísí leighis agus athshlánaithe ardchaighdeán ar phraghas réasúnta do dhaoine atá ag maireachtáil faoi mhíchumas.

UGANDA

- Daonra: **38.8 milliún**
- Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine: **$1,613**
- Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna: **163 as 187 dtír**
- Príomhthír Chomhpháirtíochta ón mBliain: **1994**
- Ionchas Saoil: **58**

Bunscoil Katikit, Dúiche Amudat, Karamoja, a tógadh le cistiú ó Chúnamh Éireann faoi Thionscadal Bunoideachais Karamoja. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Ag cur leis an bhfáil atá ar oideachas níos fearr i bhfo-réigiún thuaidh Karamoja

Rinneadh dul chun cinn suntasach le clár na hÉireann in Uganda ar bhealaí éagsúla i rith na bliana 2015, go háirithe maidir leis an rochtain ar oideachas a leathnú agus caighdeán an oideachais a fheabhsú san fho-réigiún thuaidh de Karamoja, agus freisin maidir le feidhmiú cláir coimirce sóisialaí a ceapadh le cabhrú le saoránaigh aosta atá fíorbhocht.

Níl fáil mhaith ar sheirbhísí go fóill ag daoine bochta agus daoine imeallaithe in Uganda. Maidir le cúrsaí oideachais, cé go raibh 8.5 milliún páiste cláraithe sna bunscoileanna in 2013 le hais 2.5 milliún in 1997, ní thagann ach 33 faoin gcéad díobh siúd atá cláraithe chomh fada le deireadh an chúrsa bunscoile. Tá Karamoja cuid mhaith taobh thiar den mheánfheidhmíocht náisiúnta san oideachas. Níl ach 12 faoin gcéad de phobal an cheantair thuaidh atá in ann léamh nó scríobh, mar shampla, i gcomparáid leis an meán náisiúnta, 71 faoin gcéad. Tá tacaíocht Chúnamh Éireann don oideachas in Uganda dírithe ar Karamoja. In 2015, críochnaíodh an obair thógála ar thithíocht do mhúinteoir, suanliosanna, seomraí ranga, cistineacha agus áiseanna sláintíochta d'aon bhunscoil amháin is fiche.

Tugadh cúnamh dóibh siúd ar lú a gcumas i dtaobh costas na scolaíochta a íoc. Faoi chlár sparánachta Chúnamh Éireann in Karamoja, bhí 937 ndalta sa bhreis in ann dul ar scoil i rith na bliana. Tugadh cúnamh do 587 gcailín agus 350 buachaill lena gcuid táillí scoile a íoc agus tugadh tacaíocht mheantóireachta agus treoir ghairme dóibh freisin faoin gclár.

Ar an leibhéal náisiúnta, bhí dúshlán i gceist leis an iarracht chun feabhas a chur ar chaighdeán na múinteoireachta san eolaíocht agus sa mhatamaitic, agus thug Cúnamh Éireann freagra air sin trí thacú le clár oiliúna inseirbhíse do mhúinteoirí eolaíochta agus matamaitice. I rith na bliana, cuireadh oiliúint bhreise ar 100 mac léinn sa dá ábhar sin agus chuathas i mbun pleananna le haghaidh cóiríocht nua a thógáil do mhúinteoirí eolaíochta agus matamaitice, le cistiú ó Chúnamh Éireann.

Ina theannta sin, tacaíonn Éire le clár coimirce sóisialaí in Uganda a ceapadh chun cabhrú le grúpaí nach bhfuil teacht aniar mór acu i leith na bochtaineachta: seandaoine, daoine faoi mhíchumas, páistí óga agus teaghlaigh a bhfuil bean ina mbun. Faoi dheireadh na bliana, bhí 136,148 nduine ag fáil íocaíochtaí ráithiúla. Rachaidh an cúnamh sin chun tairbhe líon measta 612,666 dhuine aonair – cuideoidh sé leo béile breise a cheannach, nó bia níos fearr, táillí scoile a íoc, nó na cógais atá de dhíth orthu a fháil.

PRÍOMHTHORTHAÍ

Tithíocht do mhúinteoirí, suanliosanna, cistineacha, seomraí ranga agus áiseanna sláintíochta do 21 bhunscoil tógtha in Karamoja.

Mhéadaigh líon na ndaoine a fhaigheann deontas cúnaimh shóisialaigh go dtí 136,148 faoi dheireadh na bliana 2015, agus faigheann 612,666 duine san iomlán na deontais sin anois.

Fuair 937 mac léinn tacaíocht airgid ó Chúnamh Éireann chun freastal ar an meánscoil. Tugadh sparánachtaí scoile do 587 gcailín agus 350 buachaill.

STAIDÉAR CÁIS – Coimirce Shóisialach ag athrú saol na ndaoine i Karamoja

Abendego Lojoo
80 bliain d'aois, Sráidbhaile Bazaar, Boma Thuaidh, Dúiche Moroto, Karamoja.

Chláraigh Abendego a ainm don chlár coimirce sóisialaí arna chistiú ag Cúnamh Éireann nuair a cuireadh tús leis in 2012. Deir sé gur iomaí bealach inar chuidigh an t-airgead leis, go háirithe maidir le cíos agus táillí scoile a íoc, agus bia a choinneáil leis an teaghlach. Tá sé in ann bianna éagsúla seachas arbhar Indiach a cheannach anois. Tá a dhóthain airgid aige i gcomhair pónairí, ríse agus, ó am go chéile, prátaí, cé gur rudaí sách daor iadsan.

Cuireann na híocaíochtaí ar a chumas dó íoc as oideachas a chur ar an gharchlann, agus is infheistíocht mhór é sin sa saol atá rompu.

Tá bród ar Abendego agus é ag trácht ar sheisear dá chuid páistí cleithiúnacha a bheith i mbun staidéir anois in Kampala. Dhíol sé bó le déanaí ionas go bhféadfadh sé tuilleadh dá chuid páistí a chur ar scoil. Is i ranganna bunscoile atá cuid mhór de chlann a chlainne, ach is sa mheánscoil atá na páistí in Kampala.

Fós féin, a mhíníonn sé, tá cúpla páiste óg sa bhaile, nach mór dóibh dul ar scoil sula i bhfad, lena n-áirítear a chuid garpháistí atá ina ndílleachtaí ó fuair a máthair bás. Sular thosaigh sé ag fáil na híocaíochta coimirce sóisialaí, deir Abendego go mbíodh sé ag obair go crua chun na páistí is sine a chur ar scoil, agus anois tá an deontas ag cabhrú leis a chinntiú go mbeidh seans ag na páistí is óige ar an oideachas freisin.

Abendego Lojoo, a fhaigheann Deontas na Seanóirí, Moroto, Karamoja. Grianghraf: Cúnamh Éireann

VÍTNEAM

- Daonra: **92.5 milliún**
- Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine: **$5,092**
- Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna: **116 as 187 dtír**
- Príomhthír Chomhpháirtíochta ón mBliain: **2007**
- Ionchas Saoil: **76**

Vang Thi Chu Uasal, ball den ghrúpa eitneach Hmong, agus í ag fíodóireacht ar an mbealach traidisiúnta i gcomún Pa Co, cúige Hoa Binh. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Á chinntiú go mbeidh mionlaigh eitneacha páirteach sa bhorradh atá faoi Vítneam

Déanann ambasáid na hÉireann i Hanáí maoirseacht ar chlár comhair forbartha na hÉireann le Vítneam, an Chambóid, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos agus Maenmar.

Tá borradh mór faoi gheilleagar Vítneam. Ach tá an bhochtaineacht fós le sonrú go soiléir, go háirithe i gceantair iargúlta thuaithe agus i measc na bpobal mionlaigh eitnigh. I measc na ngníomhaireachtaí forbartha agus na ndeontóirí i Hanáí, is maith an t-aitheantas a thugtar don dea-chlú atá ar Éirinn i dtaobh tionchar a imirt ar bheartas agus cláir a dhearadh chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht. Tá an tacaíocht le haghaidh Clár 135 an rialtais ina hionstraim thábhachtach san obair a dhéanann Éire i dtaobh mhaolú na bochtaineachta i Vítneam. Ceapadh é chun dul i ngleic le cúiseanna éagsúla na bochtaineachta, a bhaineann go sonrach lena lán de na mionlaigh eitneacha i Vítneam. Tá tosca cosúil le hoideachas teoranta, drochshláinte agus droch-chothú, a fhágtar níos measa iad i limistéir áirithe toisc gur nós le daoine pósadh agus iad óg, ag cur sriain ar na pobail sin i dtaobh tairbhe a bhaint as an mborradh atá faoin mórgheilleagar.

In 2015, d'oibrigh an Ambasáid i ndlúthpháirt leis an gclár sin chun seirbhísí a chur ar fáil do na pobail is mó atá i ngátar. Toradh dearfach a bhí ar obair na bliana ab ea cinneadh nua rialtais aghaidh a thabhairt ar fhadhb an luathphósta. Thacaigh an Ambasáid le Roinn Inscne an Choiste um Ghnóthaí na Mionlach Eitneach chun an beart nua a chur i bhfeidhm i limistéir thuaithe a bhainfidh tairbhe as.

I meastóireacht neamhspleách a rinneadh ar an gClár 135 i rith na bliana, léiríodh go bhfuil torthaí follasacha á mbaint amach le seirbhísí agus sochair fheabhsaithe do phobail eitneacha iargúlta.

Sa Chambóid, tacaíonn Cúnamh Éireann leis an Halo Trust, atá ar cheann de na heagraíochtaí glanta mianach is mó ar domhan agus is mó taithí sa réimse sin. Tá a lán mianach fós in Oddar Meanchey, cúige in Iarthuaisceart na Cambóide. Le cabhair ó Chúnamh Éireann in 2015, ghlan Halo Trust 115 heicteár talún agus scrios sé 2243 mhír mianach, rud a chuaigh chun tairbhe 23,982 dhuine sa Chambóid. Meastar in athbhreithniú a rinneadh le déanaí gur imríodh dea-thionchar idir 2012 agus 2015 ar níos mó ná 160,000 duine de bharr na dianoibre – obair chontúirteach scaití – atá i gceist le mianaigh agus ordanás neamhphléasctha a ghlanadh, méadar cearnach i ndiaidh méadar cearnach.

Tá glanadh mianach agus ordanás neamhphléasctha i measc na réimsí a dtacaíonn Cúnamh Éireann leo i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach Laos agus Maenmar freisin. Mar atá amhlaidh i gcás Vítneam, tá limistéir talún sna tíortha sin nach féidir a úsáid agus a fhágann pobail tuaithe i mbaol. Chomh maith le glanadh mianach, tá tionscadail Chúnamh Éireann i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach Laos, sa Chambóid agus i Maenmar dírithe ar chothú agus ar shlite beatha faoin tuath a fheabhsú.

Ba í 2015 an bhliain dheireanach de straitéis reatha na hÉireann sa réigiún agus tá straitéis nua á hullmhú faoi láthair ina leagfar amach ár gcuid oibre maidir le cur chun cinn na trádála, comhar consalachta agus comhar um fhorbairt sa réigiún don tréimhse 2017-2020.

PRÍOMHTHORTHAÍ

115 heicteár de thalamh glanta agus 2,243 mhír mianach scriosta, rud atá ag dul chun tairbhe 23,982 dhuine sa Chambóid.

Slándáil an tsoláthair bhia feabhsaithe i gcás 252,000 teaghlach tuaithe i Maenmar.

70 tionscadal bonneagair pobail curtha i gcrích chun feabhas a chur ar sheirbhísí ríthábhachtacha don mhionlach eitneach is boichte i Vítneam.

STAIDÉAR CÁIS – Fágann an méadú ar imirce inmheánach go bhfuil níos mó pobal ina gcónaí i gcrios mianach nó gar do cheann

Muon Yort i bhfeighil a úlloird, dúiche Bavel, cúige Battambang, an Chambóid.
Grianghraf: Ry Saleap/The Halo Trust

Imirceach inmheánach is ea Muon Yort, a tháinig chun cónaí i ndúiche Bavel i gCúige Battambang 18 mbliana ó shin chun talamh nua a aimsiú i gcomhair na talmhaíochta. Tá an cineál sin imirce coitianta sa Chambóid, go háirithe sna réigiúin san iarthuaisceart ina bhfuil brú ar an bhfáil atá ar thalamh, agus tá easpa talún ag teacht chun cinn mar fhadhb thromchúiseach. Bhí sé ar an eolas faoi bhagairt na mianach ar an talamh breise a bhí ceannaithe le déanaí aige, agus bhí a fhios aige go raibh HALO á glanadh agus go mbeadh sí sábháilte sula i bhfad. Bhí HALO ag obair ar an gcrios mianach ó mhí na Bealtaine 2015 go dtí deireadh mhí Feabhra 2016.

D'aimsigh sé 69 mianach fhrithphearsanra agus cineál amháin eile iarsma cogaidh neamhphléasctha.

Anois, tá crainn mango agus banana curtha ar an talamh ag Muon Yortlena lena ndíol ar an margadh áitiúil. Leis an talamh a glanadh le déanaí, tá Muon Yort tar éis cur lena ioncam bliantúil. Beidh an imirce inmheánach fós ina gné mhór thosaíochta in obair HALO de réir mar a rachaidh níos mó agus níos mó teaghlaigh chun cónaí i dtalamh neamhghlanta agus súil acu go n-éireoidh níos fearr leo sa saol. Cinntítear leis an tacaíocht leanúnach ó Chúnamh Éireann go bhfágfar na tailte nua i riocht sábháilte.

AN tSAIMBIA

- Daonra: **15 mhilliún**
- Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine: **$3,734**
- Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna: **139 as 187 dtír**
- Príomhthír Chomhpháirtíochta ón mBliain: **1980**
- Ionchas Saoil: **60**

Cuid den 2,000 páiste atá ag glacadh páirte i bParáid Charnabhail Fhéile Barefeet Theatre, Lusaka, an tSaimbia, an 29 Lúnasa 2015. Grianghraf: Barefeet Theatre

Dul chun cinn mall stuama ar chosán na forbartha

Sna torthaí ar an Suirbhé Déimeagrafach um Shláinte sa tSaimbia, a foilsíodh in 2015, léirítear go bhfuil feabhas tagtha ar chúrsaí sláinte agus cothaithe agus feabhas mór tagtha ar an bhfáil atá ar uisce glan ar fud na Saimbia. Tá méadú tagtha ar líon na dteaghlach a bhfuil fáil acu ar uisce feabhsaithe ó 24 faoin gcéad in 2007 go dtí 65 faoin gcéad in 2014.

Is cúis dóchais freisin iad na feabhsuithe móra i dtaobh cothaithe. Tá sé ina chuspóir de chuid an chláir forbartha cúig bliana atá ag Éirinn sa tSaimbia faoi láthair feabhas a chur ar shábháilteacht an tsoláthair bia agus ar chaighdeán an chothaithe sna teaghlaigh is boichte. Táscaire tábhachtach i dtaobh an ratha atá ar an iarracht feabhas a chur ar stádas cothaithe na bpobal is ea an laghdú ar líon na dteaghlach nach mbíonn acu ach béile amháin in aghaidh an lae. Chuidigh an tacaíocht ó Chúnamh Éireann go mór le laghdú a dhéanamh ar líon na dteaghlach sin ó 23.5 faoin gcéad in 2010 go dtí 15.5 faoin gcéad in 2015 i gceantair ina bhfuil na cláir Aistrithe Airgid Shóisialta i bhfeidhm.

Gné lárnach de chlár na hÉireann sa tSaimbia is ea an tacaíocht leanúnach don Chúige Thuaidh áit a bhfuil cónaí ar roinnt de na daoine is boichte sa tSaimbia.

Tá an clár dírithe go háirithe ar dhá dhúiche, Mbala agus Luwingu. Trína bheith ag obair in éineacht leis na pobail agus trí dhíriú ar theaghlaigh bhochta, is féidir linn a léiriú go bhfuil feabhas tagtha ar an mbia-aiste agus ar an éagsúlacht bia i níos mó ná 80 faoin gcéad de na teaghlaigh. Tá méadú le sonrú i dtaobh úinéireacht beostoic freisin agus sa táirgeadh éisc i measc teaghlaigh leochaileacha sna ceantair sin.

PRÍOMHTHORTHAÍ

Laghdaíodh líon na dteaghlach nach mbíodh acu ach aon bhéile amháin in aghaidh an lae ó 23.5 faoin gcéad in 2010 go dtí 15.5 faoin gcéad i gceantair ina bhfuil Aistrithe Airgid Shóisialta i bhfeidhm in 2015.

Mhéadaigh an líon teaghlach a bhfuil fáil acu ar fhoinse fheabhsaithe uisce óil ó 24 faoin gcéad in 2007 go dtí 65 faoin gcéad in 2014.

Tá feabhas éigin tagtha ar stádas cothaithe na bpáistí sa tSaimbia agus tá an fás cranda (airde íseal le haghaidh aois an linbh) ag cúlú ó 45 faoin gcéad in 2007 go dtí 40 faoin gcéad in 2014.

STAIDÉAR CÁIS – Athruithe beaga a fhágann go bhfuil misneach úr ag Charity

Áit chónaithe nua, bia níos fearr, agus an seans go mbeidh sí in ann duine a íoc le cuidiú léi ar a talamh: léiríonn siadsan go léir an dul chun cinn atá déanta ag Charity Kamwala ó thosaigh sí ag obair ar thionscadal atá cistithe ag Cúnamh Éireann i gcúinne iargúlta de Thuaisceart na Saimbia, trí bliana ó shin.

Baintreach 56 bliana d'aois agus seanmháthair is ea Charity a thugann aire do sheachtar garpháistí óga léi i sráidbhaile Nsunda. Deir sí go bhfuil athrú mór tagtha ar na béilí ó thosaigh sí ag fás gránach agus glasraí nua chun cur leis an mbarr casabhaigh a bhíodh ina aiste bia bunúsach aici le fad a cuimhne.

"Ithimid bianna éagsúla anois. Tá na páistí i bhfad níos sláintiúla. Bhídís tinn go minic," ar sise.

Gar do dheireadh na bliana anuraidh, d'úsáid Charity airgead a thuill sí ó mhuiléad, arbhar Indiach agus glasraí a dhíol chun seomraí nua a chur lena teach láibe-bríce, agus chuir sí leatháin stáin in ionad díon tuí a raibh an bháisteach anuas tríd chun feabhas eile fós a chur ar an teach.

Tá Charity i measc 10,000 duine atá ag obair le Gorta agus Self Help Africa ar chlár forbartha tuaithe a dtacaíonn Cúnamh Éireann leis i gciantuaisceart na Saimbia. Ó chaill sí a fear céile os cionn deich mbliana ó shin, tá an saol crua. Bíonn sí ag tochailt, ag cur, ag baint fhiailí agus ag sábháil barr ar bith is féidir léi ón bplota, agus tá brath aici oibrí a fhostú i mbliana chun cuidiú leis an treabhadh agus an fómhar.

"Nuair a bhreathnaím ar mo theach, ní chreidim gur liom féin é. Mothaím go bhfuil misneach úr agam anois agus an teach seo agam."

Charity Kamwala, sráidbhaile Nsunda, Cúige an Tuaiscirt, an tSaimbia. Grianghraf: Kenneth O'Halloran/Gorta Self Help Africa

AN AFRAIC THEAS

Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta agus Gníomhaígh Inscne ar mháirseáil sráide in Johannesburg chun feasacht a mhúscailt faoi fhoréigean in aghaidh ban agus páistí, Samhain 2015. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Dul chun cinn leanúnach sa chomhrac i gcoinne SEIF agus VEID

Bainistíonn Ambasáid na hÉireann in Pretoria clár forbartha a chlúdaíonn pobail bhochta san Afraic Theas, chomh maith le cláir de chuid Chúnamh Éireann sa tSiombáib agus i Leosóta.

Toisc go bhfuil deisceart na hAfraice fós ar na réigiúin is measa atá buailte le VEID agus SEIF ar fud an domhain, cuirtear béim láidir ar chosc agus cóireáil VEID i gclár forbartha na hÉireann sna trí thír sin.

Oibríonn Éire le hEarnáil Ban Chomhairle SEIF na hAfraice Theas chun cur leis an bhfáil atá ar bhunseirbhísí i leith cosc agus cóireáil VEID/SEIF agus na hEitinne i measc ban agus cailíní óga. Tacaítear leis an gComhchiste Inscne i ndúiche Kwa-Zulu Natal freisin agus le linn na bliana úsáideadh cistí ó Éirinn chun cainteanna a chur ar bun idir eagraíochtaí pobail agus an rialtas chun plé a dhéanamh ar ghníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal ard an fhoréigin inscne sa chúige agus an foréigean sin a chosc. I rith na bliana, in ionaid tráma a fhaigheann cistiú ó Chúnamh Éireann, cuireadh comhairle ar 266 bhean agus tugadh tacaíocht dóibh tar éis dóibh foréigean gnéasach agus foréigean inscne a fhulaingt.

An tSiombáib

Cé go bhfuil an tSiombáib ag teacht chuici féin tar éis deich mbliana den mheath geilleagrach, is leis an tír sin go fóill a bhaineann na staitisticí sláinte is dúshlánaí ar fud an domhain: tá beagnach 15 faoin gcéad den daonra ag maireachtáil le VEID; dílleachtaí is ea níos mó ná 1.3 milliún páiste, agus faigheann 100 páiste faoi bhun a cúig bliana d'aois bás fós gach lá de bharr cúiseanna a bhféadfaí iad a chosc.

Dá bhrí sin, is chuig an gCiste Trasdula Sláinte a théann an chuid is mó de thacaíocht na hÉireann don tSiombáib. Ciste comhthiomsaithe is ea é sin atá á riar ag UNICEF chun tacú le téarnamh sheirbhís sláinte náisiúnta na Siombáibe. Ó 2011, chuidigh an ciste trasdula le feabhas a chur ar thorthaí sláinte agus cothaithe, agus leis an aisiompú ar threocht na rátaí báis i measc máithreacha agus naíonán sa tír. Le linn 2015, cuireadh oiliúint ar 1,647 nOibrí Sláinte Sráidbhaile nua, a fhágann go bhfuil oiliúint ar 13,447 nOibrí Sláinte Sráidbhaile anois. Cuireadh comhairle ar bhreis is 10,000 duine a d'fhulaing foréigean inscne agus cuireadh seirbhísí dlí ar fáil dóibh trí thacaíocht do chomhpháirtithe eile.

Leosóta

Mar gheall ar thalamh sléibhe Leosóta, ní furasta in aon chor ag a lán daoine fáil a bheith acu ar sheirbhísí ar nós cúram sláinte. Tréimhse eatramhach a bhí in 2015 sa chomhpháirtíocht fhada idir Cúnamh Éireann agus Leosóta, nuair a aistríodh bainistiú an chláir chuig an Ambasáid in Pretoria. Leanadh leis an tacaíocht do chosc agus cóireáil VEID agus SEIF nuair a tógadh dhá shaoráid sláinte faoin tuath a thug rochtain ar sheirbhísí VEID do dhá phobal. Cuireadh seirbhísí tástála ar fáil sna clinicí nua do 1,852 othar agus cuireadh cóireáil fhrith-aisvíreasach ar 88 n-othar a bhfuil VEID orthu i rith na bliana.

PRÍOMHTHORTHAÍ

I gcás 266 bhean san Afraic Theas a thuairiscigh, ag ionaid tráma arna gcistiú ag Cúnamh Éireann, gur fhulaing siad foréigean gnéasach, cuireadh seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí tacaíochta eile ar fáil dóibh.

Laghdaigh an ráta báis i measc máithreacha ó 960 bás in 2011 (in aghaidh gach 100,000 beobhreith) go dtí 614 bhás in 2015.

Cuireadh i gcrích dhá shaoráid nua sláinte faoin tuath i Leosóta in 2015 agus úsáidtear iad chun seirbhísí tástála VEID a chur ar fáil do 1,852 dhuine agus chun tosú ag cur cóireáil VEID ar 88 n-othar.

STAIDÉAR CÁIS – Rochtain uilíoch ar shláinte trí oibrithe sláinte sráidbhaile sna ceantair thuaithe sa tSiombáib

Agus mála gorm caite siar thar a gualainn aici, imíonn Susan Mavhunduke, atá 40 bliain d'aois, síos bóthar creagach cnapánach salachair dheirg ar a rothar. Tá sí ag dul ón ionad sláinte áitiúil chomh fada lena sráidbhaile féin, Dendenyore i gCúige Thoir Wedza Mashonaland – pobal ina bhfuil díreach faoi bhun 25,000 duine ina gcónaí i gceann de na ceantair thuaithe is boichte sa tSiombáib.

Tá cógais bhunúsacha aici ina mála do mhuintir an tsráidbhaile ar a bhfuil a triall. Freagróidh sí a gcuid ceisteanna faoi chúrsaí bunúsacha sláinte, faoin toircheas agus faoi ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha a chosc. Nuair a bheidh sí críochnaithe, cuirfidh sí i leataobh a mála gorm, seasfaidh sí a rothar le taobh a botháin, agus fillfidh sí ar an obair sna garraithe leis an gcuid eile dá teaghlach.

Ar nós na ndaoine eile a chónaíonn in Wedza, bíonn Susan ag gabháil don fheirmeoireacht leorchothaitheach. Ach tá sí ina ball freisin de chlár Oibrithe Sláinte Sráidbhaile na tíre, atá á reáchtáil ag an Aireacht Sláinte agus UNICEF le tacaíocht airgeadais ón gCiste Trasdula Sláinte, dream deontóirí a bhfuil Cúnamh Éireann ina measc. Iarracht chruthaitheach atá i gceist leis an gclár chun an bhearna a líonadh i dtaobh seirbhísí sláinte idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha na Siombáibe.

Susan Mavhunduke, oibrí sláinte sráidbhaile, Dúiche Wedza, Cúige Thiar Mashonaland, an tSiombáib. Grianghraf: Richard Nyamanhindi/UNICEF

Is minic gur mór a bhíonn idir saoráidí leighis i gceantair thuaithe agus iadsan i measc na bhfoirgneamh ardstórach in Harare, príomhchathair an náisiúin. Tá dúshlán móra lóistíochta i gceist le seirbhísí a sholáthar, agus sin é an fáth ar ghlac an rialtas, UNICEF agus deontóirí an cur chuige nua sin i dtaobh oiliúint a chur ar Oibrithe Sláinte Sráidbhaile agus rothar a thabhairt dóibh ionas go mbeidís in ann dul ó áit go háit agus dul chomh fada le daoine i gceantair iargúlta. Trí dhaoine den phobal tuaithe a earcú chun fónamh mar oibrithe sláinte, cuireann an clár ar a gcumas do mhuintir na sráidbhailte, a bhféadfadh sé nach mbeidh an deis acu choíche dochtúir a fheiceáil, na seirbhísí sláinte a thabhairt abhaile leo.

AN PHALAISTÍN

An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan, T.D., agus é ag tabhairt cuairte ar scoil in Gaza. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Oideachas ardchaighdeáin do pháistí dídeanaithe

Níor tháinig aon fheabhas i ndáiríre ar an staid dhaonnúil sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil in 2015. Bhí na sibhialtaigh Phalaistíneacha fós ag fulaingt chruatain de bharr áitiú an Bhruacha Thiar, imshuí Gaza nach bhfuil réiteach faighte air go fóill, agus iarmhairtí choinbhleachta na bliana 2014. Bhí neamhshlándáil an tsoláthair bia agus an dífhostaíocht fós ina n-ábhair mhóra imní.

Tá luas na hatógála in Gaza i ndiaidh chogaíocht na bliana 2014 thar a bheith mall, agus cuid mhaith de sin mar gheall ar shrianta ar allmhairí agus ar shreabhadh mall an chúnaimh atá geallta ag deontóirí. Ag deireadh na bliana 2015, bhí breis is 16,000 teaghlach (níos mó ná 90,000 duine aonair) easáitithe. Thug an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan, TD, cuairt ar an mBruach Thiar agus Gaza i mí Feabhra 2015. Le linn a chuairte, chonaic sé lena shúile féin scála ollmhór an scriosta agus an tionchar daonnúil uafásach ar phobal daoine ar dídeanaithe iad a bhformhór.

Thug Éire freagra láidir ar an ngéarchéim in Gaza agus in 2015 thugamar €1.5 milliún don Ghlao Éigeandála ó Ghníomhaireacht Fhóirithinte agus Oibreacha na Náisiún Aontaithe (UNRWA) do Dhídeanaithe na Palaistíne chun bia, dídean agus cúnamh leighis a raibh géarghá leo a thabhairt do na mílte teaghlach. Agus é in Gaza, thug an tAire cuairt ar scoil de chuid UNRWA, ionas go bhfeicfeadh sé an tionchar a bhí ag tiomantas na hÉireann do thacú le hoideachas bunúsach ardchaighdeáin do gach leanbh, agus thug sé cuairt ar Chomh-Lárionad de chuid UNRWA ina bhfuil dídean fós á thabhairt do theaghlaigh a bhí easáitithe óna gcuid tithe.

Tríd is tríd, féachann tacaíocht na hÉireann do phobal na Palaistíne chun cur le feabhas inbhuanaithe ar cháilíocht na beatha i gcás na bPalaistíneach is leochailí. Rinneadh ár gclár a athnuachan in 2015, agus tá sé dírithe go háirithe ar chúrsaí oideachas. Le linn 2015, d'oibríomar le hAireacht Oideachais agus Ardoideachais an Údaráis Phalaistínigh lena chinntiú go mbeadh feabhas ar an bhfáil atá ar oideachas, agus ar chaighdeán an oideachais sin, do pháistí Palaistíneacha. Ina theannta sin, thugamar tacaíocht don Údarás Palaistíneach i gcomhair cláir forbartha sóisialta chun freastal ar riachtanais na dteaghlach is leochailí sa Phalaistín.

Lean Éire ag tacú le UNRWA i dtaobh seirbhísí bunúsacha a sholáthar do dhaonra thart ar 5 mhilliún dídeanaí Palaistíneach atá cláraithe san Iordáin, sa Liobáin, sa tSiria, sa Bhruach Thiar agus in Gaza. Tá an fócas láidir ar chúnamh don phobal dídeanaithe Palaistíneacha ag teacht le tiomantas na hÉireann i dtaobh freastal ar riachtanais bhunúsacha na ndaoine is boichte agus is leochailí.

Tugadh tacaíocht freisin d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, idir eagraíochtaí Palaistíneacha agus eagraíochtaí Iosraelacha, a bhíonn ag obair ar son an cheartais agus ar son chearta an duine.

Foirgneamh a bhfuil damáiste déanta dó in Gaza. Grianghraf: Eoghan Rice/Trócaire

COMHPHÁIRTITHE NEAMHRIALTASACHA

Aithníonn Cúnamh Éireann go bhfuil eagraíochtaí na sochaí sibhialta na hÉireann i riocht maith chun a chuid oibre a chur chun feidhme, cur lena luach, agus obair a dhéanamh a luíonn lena chuid oibre féin. Tá ról lárnach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta in Éirinn i dtaobh lámh a shíneadh amach chuig na daoine is leochailí agus is boichte, cúnamh tarrthála a thabhairt, an comhionannas inscne agus cearta an duine a chur chun cinn, agus a chinntiú go dtacóidh an pobal go mór le clár Chúnamh Éireann. Soláthraíonn Cúnamh Éireann cuid mhór dá bhuiséad trí eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar chuidigh a gcuid oibre le torthaí follasacha, fadtéarmacha a bhaint amach san fhorbairt i mbreis is caoga tír ar fud trí mhór-roinn.

Úsáideann Cúnamh Éireann roinnt sásraí cistiúcháin chun deontais a thabhairt dá chomhpháirtithe sochaí sibhialta d'fhonn tacú lena thosaíochtaí beartais. Faoina Dheontas Cláir, tugtar tacaíocht do chláir fhorbartha mhórscála a chuirtear chun feidhme thar thréimhse cúig bliana, agus tacaítear le tionscadail faoin gClár Sochaí Sibhialta. Trí Mhisean Cara, comhpháirtí dá chuid, faigheann suas le nócha eagraíocht mhisinéireachta cistiú airgid. Tá gach tionscadal agus clár ag teacht leis na tosaíochtaí atá leagtha amach i mbeartas na hÉireann maidir le forbairt idirnáisiúnta, *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin*.

CÚNAMH ÉIREANN AGUS EAGRAÍOCHTAÍ NA SOCHAÍ SIBHIALTA AG OBAIR DÓIBH AS LÁMHA A CHÉILE IN 2015 AR LEIBHÉAL CONTAE

Cúnamh tugtha do na céadta eagraíochtaí, grúpaí agus daoine áitiúla i Meiriceá Láir agus Mheiriceá Theas, san Áise agus san Afraic a **gcearta daonna** a chosaint.

Scoileanna i gceantair ar díríodh orthu san Afganastáin ag tuairisciú go bhfuil **100% de na cailíní ag cur i gcrích a dtéarmaí scoile.**

Soláthraíodh seirbhísí tacaíochta do bhreis is **30,000** duine atá ag maireachtáil le VEID sa tSiombáib in 2015.

Athruithe fadtéarmacha ar leibhéal beartais, mar shampla tabhairt isteach an phinsin uilíoch sa Tansáin agus cearta talún do phobail thréadacha in Angóla.

De bharr dearcaí, iompraíochta agus cleachtas i leith **comhionannas inscne** agus **chearta na mban**, d'aithin níos mó ná 2,000 duine i spriocphobail sa Mhaláiv nach bhfuil an foréigean inscne inghlactha.

Ag teacht le *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin*, tacaíonn Cúnamh Éireann le hoibrithe deonacha ar mian leo leas a bhaint as a gcuid scileanna agus iad ag foghlaim ó thaithí ar obair fhorbartha thar lear. In 2015, chuidigh Cúnamh Éireann le feasacht a mhúscailt i leith an dea-chleachtais san obair dheonach agus thacaigh sé le Comhlámh ina chuid oibre chun Cód Dea-Chleachtais a ullmhú do ghníomhaireachtaí a chuireann oibrithe deonacha thar lear. In 2015, lean Cúnamh Éireann ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do VSO Ireland ar chlár píolótach um obair dheonach í dtrí thír. Faoin gclár, cuirtear sainoibrithe deonacha ag obair i gcláir san Aetóip, in Uganda agus sa Tansáin.

D'oibrigh Cúnamh Éireann i ndlúthpháirt le heagraíochtaí na Sochaí Sibhialta mar ullmhúchán do na cruinnithe mullaigh iltaobhacha ríthábhachtacha in 2015 agus bhí ionadaithe na sochaí sibhialta i measc thoscaireacht na hÉireann ag na cruinnithe mullaigh sin.

Liliana Turbequia (25) agus í ina seasamh os comhair comhartha ar a dtugtar le fios go bhfuil sí ina cónaí i gcrios dhaonnúil, ina dtugtar cosaint do dhaoine atá ina gcónaí i measc coinbhleachta. Grianghraf: Matt Gonzalez-Noda/Christian Aid

STAIDÉAR CÁIS – Ag cothú na síochána sa Cholóim

Ó mhí na Samhna 2012 i leith, tá Christian Aid agus a chomhpháirtithe áitiúla ag obair chun tacú leis na cainteanna síochána i Havána, Cúba, atá dírithe ar dheireadh a chur le coinbhleacht armtha atá ar bun sa Cholóim le caoga bliain.

Tá cion déanta ag Christian Aid agus a chuid eagraíochtaí comhpháirtíochta d'fhonn a chinntiú go raibh glór na n-íospartach, agus mná go háirithe, le cloisteáil, agus go raibh fírinne na fulaingthe a tháinig ón gcoinbhleacht chun tosaigh sa phlé faoi cheartas agus cúiteamh.

Is go rómhinic a úsáidtear foréigean gnéasach agus foréigean inscne i gcáil airm le linn coinbhleachta agus bíonn iarmhairtí tubaisteacha aige sin don phobal. Ní chuirtear pionós ar bith orthu siúd ar a bhfuil an milleán.

Le linn 2015, áfach, chuidigh Christian Aid trína chomhpháirtithe áitiúla, lena n-áirítear Sisma Mujer, leis an abhcóideacht ionas go n-áireofaí sna cainteanna fo-choimisiún speisialta ar inscne. Chabhraigh an méid sin lena chinntiú nach dtabharfar pardún ná maithiúnas faoin gcomhaontú idirthréimhseach ceartais sa Cholóim do na daoine atá freagrach as foréigean gnéasach.

Áirítear sa chomhaontú freisin forálacha don cheartas aisiríoch, mar a mhol CONPAZ, comhpháirtí de chuid Christian Aid a dhéanann ionadaíocht ar íospartaigh na coinbhleachta. Déantar foráil iontu sin do phianbhreitheanna malartacha atá dírithe ar an dochar a rinne déantóirí na gcoireanna a chuir ina cheart.

Dea-shampla is ea an cás-staidéar seo den obair an-tábhachtach a dhéanann comhpháirtithe sochaí sibhialta de chuid Chúnamh Éireann chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain.

COMHPHÁIRTITHE ILTAOBHACHA

Chun clár forbartha na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an mbealach is éifeachtaí is féidir, ní mór a bheith ag obair trí chineálacha éagsúla eagraíochtaí. Soláthraítear cuid an-mhór de chlár Chúnamh Éireann trí chomhpháirtithe iltaobhacha. Bíonn eagraíochtaí iltaobhacha – gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe nó an Aontais Eorpaigh, mar shampla – in ann acmhainní tíortha éagsúla a tharraingt le chéile agus tá an saineolas agus an speisealú teicniúil acu atá ag teastáil chun a bheith ag obair i gcomhthéacsanna éagsúla ar thosaíochtaí na hÉireann maidir le forbairt agus obair dhaonnúil.

An tAontas Eorpach

Ba ón Aontas Eorpach, lena chuid Ballstát, a tháinig an méid ba mhó Cúnaimh Forbartha Coigríche arís in 2015. Bíonn Éire ag obair le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh lena chinntiú go ndírítear na cláir sin i gcónaí ar dhíothú na bochtaineachta, ag teacht lenár dtosaíochtaí féin.

Le linn 2015, thionscain an tAontas Eorpach idirphlé lena Ballstáit agus le tíortha i mbéal forbartha ar chomhaontú forbartha nua le cur in ionad 'Comhaontú Comhpháirtíochta Cotonou' atá i bhfeidhm faoi láthair, a bhí ina chreat do chaidreamh an Aontais Eorpaigh le 79 dtír ón Afraic, ó réigiún Mhuir Chairib agus réigiúin an Aigéin Chiúin. Rachaidh an comhaontú sin in éag i mí Feabhra 2020. Agus comhaontú nua á cheapadh, tá sé an-tábhachtach go dtabharfar dearbhú i leith dul chun cinn leanúnach i dtaobh an dea-rialachais, chearta an duine, prionsabail dhaonlathacha agus riail an dlí.

Lean Éire ar aghaidh i rith na bliana ag obair lenár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach chun tuilleadh Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Gheilleagrach a thabhairt chun críche. Is cineál réasúnta nua comhaontaithe iltaobhacha atá i gceist leo sin, ina gcuimsítear idir shaincheisteanna trádála agus saincheisteanna forbartha níos leithne i gcreat aontaithe, agus is maith mar atá siad ag teacht lenár smaointe féin faoin bhforbairt mar atá leagtha amach sa bheartas *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin*. I mí na Samhna 2015, cheadaigh Dáil Éireann Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Gheilleagrach idir an tAontas Eorpach agus aon tír amháin is tríocha i mbéal forbartha i réigiún Mhuir Chairib agus in Iarthar na hAfraice. Faoin na comhaontuithe sin, féachtar le dul chun cinn a dhéanamh i dtaobh forbairt inbhuanaithe, lánpháirtíocht réigiúnach agus na tíortha sin i réigiún Mhuir Chairib agus san Afraic a chomhtháthú de réir a chéile sa gheilleagar domhanda.

Na Náisiúin Aontaithe

Leithdháileadh cistiú forbartha iltaobhach na hÉireann do na Náisiúin Aontaithe in 2015 go príomha do ghníomhaireachtaí de chuid na heagraíochta sin a bhfuil cuntas teiste láidir acu agus a dhéanann speisialtóireacht i leith saincheisteanna ar tosaíochtaí beartais dúinn iad. Áirítear orthu sin Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), Ciste na Náisiún Aontaithe do Leanaí (UNICEF), Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR), Gníomhaireacht Fhóirithinte agus Oibreacha na Náisiún Aontaithe (UNRWA), Mná NA agus Ciste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal (UNFPA).

Inár n-idirphlé leanúnach leis na gníomhaireachtaí sin le linn na bliana, lean Éire ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta do shaincheisteanna a bhaineann le rialachas amhail moltaí i dtaobh luachála agus iniúchóireachta a chur chun feidhme ar bhonn cuimsitheach, chomh maith le beartais a chur chun feidhme maidir le slándáil bia agus cothaithe, agus príomhshruthú a dhéanamh ar an gcomhionannas inscne.

Inár gcuid oibre le gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe in 2015 tugadh tosaíocht don chaibidlíocht i leith Chlár Oibre 2030, dá ullmhú agus do na seacht gcinn déag de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

An Banc Domhanda

Lean Grúpa an Bhainc Dhomhanda ina ról mar cheann de na deontóirí is mó i dtaobh na hoibre forbartha ar fud an domhain le linn 2015. Ghlac Éire páirt ghníomhach i bhforbairt leanúnach beartais sa Bhanc trínár dtoghdas (faoi stiúir Ceanada), le béim ar leith ar an Afraic agus ar ár dtíortha comhpháirtíochta.

Ina theannta sin, choinnigh Éire lena tacaíocht do bhrainse na hearnála príobháidí den Bhanc Domhanda, an Chorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta, agus don tionscnamh dá cuid, *'Conflict Affected States in Africa'*, chun cabhrú leis na tíortha sin a ngeilleagair a atógáil. Bhí ról lárnach ag Éirinn freisin sa *'Facility for Investment Climate Advisory Services'* de chuid an Bhainc Dhomhanda, saoráid a chabhraíonn le tíortha i mbéal forbartha timpeallacht atá báúil don ghnó a chothú d'fhonn poist a chruthú agus an bhochtaineacht a laghdú.

I mí an Mheithimh 2015, thug an Dr Jim Yong Kim a chéad chuairt oifigiúil ar Éirinn ina cháil mar Uachtarán an Bhainc Dhomhanda. Ba é cuspóir na cuairte sin an caidreamh idir Éire agus an Banc Domhanda a láidriú tuilleadh. Bhuail an Dr Kim leis an Uachtarán Micheál D. Ó hUiginn, leis an Aire Airgeadais Michael Noonan, TD agus leis an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan, TD. Bhí an deis acu go léir réimsí comhleasa a phlé: fás geilleagrach ar domhan agus an clár oibre forbartha tar éis 2015. Thug an Dr Jim Yong Kim léacht i dTeach Uíbh Eachach freisin, faoi thógáil an chláir oibre dhomhanda nua i gcomhair rathúnas comhroinnte.

Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe

Bliain chinniúnach a bhí in 2015 don phobal idirnáisiúnta agus go háirithe don chóras forbartha iltaobhach ar fad. I mí Mheán Fómhair, tionóladh ceann de na cruinnithe is mó de Cheannairí Stáit agus rialtais i stair na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac chun creat forbartha nua a ghlacadh, *Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe*.

Tá an creat sin formhuinithe d'aon toil ag gach ball de na Náisiúin Aontaithe agus tabharfaidh sé treoir do ghníomhartha na dtíortha uile agus iad ag iarraidh an bhochtaineacht agus an t-ocras a dhíothú agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach thar na cúig bliana amach romhainn. Bhí Éire ina comhchathaoirleach agus ina héascaitheoir i leith an phróisis sin,

An tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn leis an bpeileadóir Kaka ag an gcruinniú "Mobilising Generation Zero Hunger", ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe, Nua-Eabhrac, Meán Fómhair 2015. Grianghraf: Shane O'Neill/Fennell Photography Ltd

agus bhí ról lárnach aici maidir le caibidlíocht agus múnlú an chláir oibre sin.

Le linn na caibidlíochta, d'oibrigh Cúnamh Éireann le comhghleacaithe i ngach Roinn Rialtais ábhartha agus le lucht na sochaí sibhialta lena chinntiú go léireofaí tosaíochtaí na hÉireann go stuama sa Chlár Oibre. Is iad na tosaíochtaí sin deireadh a chur leis an ocras agus leis an mbochtaineacht, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn, agus dea-rialachas agus riail an dlí a chur chun cinn.

Ghlac an tUachtarán Ó hUigínn páirt sa seisiún *Mobilising Generation Zero Hunger* ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe agus leag sé béim air go bhfuil Éire tar éis an comhrac chun deireadh a chur leis an ocras agus leis an tearc-chothú a chur i gcroílár a cur chuige maidir le forbairt idirnáisiúnta, agus i gcroílár a beartas eachtrach.

CLÁR OIBRE 2030

Is éard atá i gceist le Clár Oibre 2030 ná creat cuimsitheach idir-rialtasach ina ndéantar comhtháthú ar na gnéithe geilleagracha, comhshaoil agus sóisialta den fhorbairt inbhuanaithe chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, ar dhíothú na bochtaineachta, agus ar shíocháin agus slándáil agus éagothroime. Leis na seacht gcinn déag de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe nua, atá i gcroílár Chlár Oibre 2030, tá sé ina chuspóir an méid nár baineadh amach faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise a chur i gcrích, ach, ina theannta sin, spriocanna nua a áireamh maidir le hathrú aeráide, aigéin, bithéagsúlacht agus réimsí eile a bhí ina gconstaicí i dtaobh cur chun feidhme iomlán Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Is spriocanna uilíocha iad sin. Cuirfidh gach tír chun feidhme iad, idir thíortha ard-ioncaim ar nós na hÉireann, agus tíortha i mbéal forbartha.

Tá sé measta ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt agus ag an mBanc Domhanda gur na trilliúin dollar a chosnóidh sé na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, seachas na billiúin. Fágann sé sin gur gné lárnach den toradh a bhí ar an gComhdháil Idirnáisiúnta maidir le Maoiniú um Fhorbairt, a reáchtáladh anuraidh, is ea an t-aitheantas nach mbeidh Cúnamh Forbartha Oifigiúil in ann an clár oibre uaillmhianach sin a chomhlíonadh as féin. Ní mór ról i bhfad níos láidre maidir le maoiniú na forbartha a bheith ag córais chánach agus na hearnálacha príobháideacha i dtíortha i mbéal forbartha.

Ní mór do rialtais a chinntiú go gcothóimid timpeallacht ghnó chuiditheach, ní hamháin do chomhlachtaí móra ach do ghnólachtaí beaga, feirmeoirí beaga, fiontraithe – agus go háirithe feirmeoirí agus fiontraithe ar mná iad. Ag an gcomhdháil, d'athdhearbhaigh Éire ár dtiomantas do bhaint amach na sprice i ndáil le 0.7 faoin gcéad den OTN laistigh de chreat ama an chláir oibre forbartha nua. Táimid tiomanta freisin do bhéim láidir a bheith againn fós ar an Afraic fho-Shahárach agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt 50 faoin gcéad ar a laghad dár mbuiséad cúnaimh do na Tíortha is Lú Forbartha.

Tá ról lárnach ag an gcóras iltaobhach, agus na Náisiúin Aontaithe ag a lár, maidir le tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 ar an leibhéal náisiúnta. Ina ról mar bhunaitheoir caighdeán domhanda, is é eagraíocht na Náisiún Aontaithe an t-ardán is mó i dtaca leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus leis an obair leantach ina dtaobh.

Tina Akinola, Bianca Simari, Franciscah Heii, Gabriella Martins (7) agus Rebecca Martins (5) ag seoladh Lá na hAfraice 2015 i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath. Grianghraf: Marc O'Sullivan

I mBUN RANNPHÁIRTÍOCHTA LE POBAL NA hÉIREANN

Ag baint suilt as Lá na hAfraice i mBaile Átha Cliath: Samson Samuel, lena iníonacha (ó chlé go deas) Chidinma (6), Adaeze (10), agus Amaka (8). Grianghraf: Conor Ó Mearáin

Tá na meáin ina ngné thábhachtach i dtaobh cur le tuiscint an phobail ar shaincheisteanna forbartha domhanda agus ar an bhfáth a bhfuil na nithe sin tábhachtach do dhaoine in Éirinn. Tacaíonn Aonad Cumarsáide na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála leis an obair a dhéanann Cúnamh Éireann trí eolas a thabhairt do na meáin faoi shaincheisteanna forbartha agus trína chinntiú go gcuirtear an pobal ar an eolas faoin obair a dhéanaimid, trí na meáin éagsúla.

Ceapadh an tacaíocht uainn do Chiste Meán Simon Cumbers, a bunaíodh in 2005 in onóir an té sin, chun éascú do chlúdach na meán cumarsáide ina dtugtar léargas cothrom, réalaíoch ar na dúshláin atá le sárú ag pobail sa chuid den domhan atá i mbéal a forbartha, agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh.

In 2015, thug Cúnamh Éireann €100,000, trí Chiste Meán Simon Cumbers, chun tacú le tríocha tionscadal a rinne gairmithe meán ó dheich gcinn d'fhoilseacháin as fiche tír ar fud an domhain. Ba iad Neipeal agus an India na tíortha a fuair an clúdach ba mhó ó iriseoirí ar tugadh cistiú dóibh, agus bhain na tuairiscí eile leis an Aetóip, Cúba, an Chéinia, an Mhaláiv, an Chambóid, an Tansáin, Tíomór Thoir, Háití, Camarún, Guatamala, Peiriú, an Liobáin, Oileáin Chomóra, an Phacastáin, an Bhrasaíl, an Tuirc, Siarra Leon agus an Afraic Theas.

Foilsíodh na scéalta sin i meáin éagsúla idir bhealaí craolacháin náisiúnta agus áitiúla agus na meáin chlóite agus na meáin ar líne in Éirinn, lena n-áirítear The Irish Times, East Coast FM, RTÉ agus The Farmers Journal. Thacaigh Cúnamh Éireann freisin, trí Chiste Meán Simon Cumbers, le gradam na meán do mhic léinn i gcomhpháirtíocht le The Irish Times, Newstalk, agus Storyful.com/thejournal.ie, faoinar thaistil mic léinn ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Coláiste Griffith Chorcaí agus Ollscoil Luimnigh go dtí Uganda agus an Aetóip.

Mar a rinne sé i mblianta roimhe seo, rinne Cúnamh Éireann comhchistiú ar an tsraith teilifíse 'What in the World', a craoladh ar RTÉ i mí na Nollag 2015, agus bhí tuairiscí sna cláir sin faoi Veiniséala, an Sahára Thiar, an tSalvadóir agus an Libia.

Cumarsáid idir Cúnamh Éireann agus an Pobal 2015

3,000 leantóir breise
1.5 milliún taispeáint

3,000 duine breise den lucht leanúna
546,000 taispeáint

Cúnamh Éireann ar Twitter

Trí Chuntas Twitter Chúnamh Éireann, roinnimid eolas faoi imeachtaí, cláir agus fógraí maidir le cistiú ó Chúnamh Éireann, agus déanaimid clúdach beo dár lucht leanúna ar imeachtaí poiblí Chúnamh Éireann, lena n-áirítear Lá na hAfraice. In 2015, tháinig méadú 60% ar líon an lucht leanúna dár gcuid ar Twitter, ó 5,000 duine go 8,000.
https://twitter.com/irish_aid

Cúnamh Éireann ar Facebook

Is dílis an lucht leanúna atá ag cuntas Chúnamh Éireann ar Facebook, trínar furasta an rud é grianghraif agus an scéala is nuaí a roinnt, mar aon le naisc le nuacht ó Chúnamh Éireann faoi imeachtaí, gníomhaíochtaí agus cláir. Bhí dhá oiread an méid leantóirí againn ar Facebook in 2015 (6,000) is a bhí an bhliain roimhe sin.
https://www.facebook.com/IrishAidCentre

360,000 AMAS
97,385 ÚSÁIDEOIR

Suíomh Gréasáin Chúnamh Éireann

Tá suíomh gréasáin Chúnamh Éireann fós ina fhoinse chruinn eolais faoi chlár Chúnamh Éireann, faoinár gcomhpháirtithe, agus faoi na tíortha ina n-oibrímid. D'fhéach beagnach 100,000 duine ar eolas faoin obair a dhéanann Chúnamh Éireann ar ár suíomh gréasáin in 2015.
https://www.irishaid.ie

Freastal ar Imeachtaí Poiblí

Gach bliain, bíonn seastáin taispeántais agus eolais ag Cúnamh Éireann ag imeachtaí cosúil le **Taispeántas Eolaithe Óga BT** i mí Eanáir, **Lá na hAfraice** i mí na Bealtaine, an **Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta** i mí Mheán Fómhair agus an **Aonach um Obair Dheonach Thar Lear** i mí Dheireadh Fómhair.

In 2015, thug breis is 14,000 duine cuairt ar sheastáin taispeántais Chúnamh Éireann ag imeachtaí náisiúnta éagsúla. Lena chois sin, d'fhreastail 27,000 duine ar ócáid Lá na hAfraice i bPáirc an Fhionnuisce, ócáid a bhí eagraithe ag Cúnamh Éireann.

OIDEACHAS SAN FHORBAIRT

Tá an tOideachas san Fhorbairt, gné lárnach d'obair Chúnamh Éireann, á threorú ag ár Straitéis Oideachais Forbartha, a fhéachann chun cur leis an tuiscint atá ag pobal na hÉireann ar shaincheisteanna a bhaineann le bochtaineacht agus forbairt dhomhanda.

In 2015, cuireadh cistiú €3.4 milliún ar fáil chun tacú le hoideachas san fhorbairt trí chomhpháirtíochtaí oideachais agus trí scéim deontas bliantúil. Faoin scéim deontas bliantúil 2015, tugadh tacaíocht d'ocht gcinn is fiche d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus institiúidí oideachais a bhíonn ag obair ar thionscadail oideachais forbartha. Glactar cur chuige atá bunaithe ar thorthaí sa chistiú go léir don oideachas san fhorbairt d'fhonn a chinntiú go mbainfear an leas is fearr as cistí poiblí chun tuiscint agus feasacht a mhúscailt i dtaobh na ndúshlán a bhaineann le forbairt idirnáisiúnta.

(Ó chlé go deas) Simon Lenihan, Mark Coughlan agus Cian O'Brien ó Choláiste Pobail Ros Comáin, ag Comhdháil Bhliantúil Scoileanna Domhanda WorldWise ar an oideachas san fhorbairt sna meánscoileanna, i bPáirc an Chrócaigh. Grianghraf: Mark Stedman/Photocall Ireland

Athbhreithniú Piaraí ar Oideachas san Fhorbairt

In Aibreán 2015, rinne Líonra Oideachais Domhanda na hEorpa (GENE) Athbhreithniú Piaraí ar an oideachas san fhorbairt in Éirinn. San áireamh ar an bhFoireann Idirnáisiúnta Athbhreithnithe Piaraí bhí ionadaithe ó na hAireachtaí Gnóthaí Eachtracha agus Oideachais ón Ostair, ón Fhionlainn, ó Lucsamburg agus ón mBeilg. Sheol an tAire Stáit um Fhorbairt an tuarascáil *GENE National Report on Global Education in Ireland* ar an 24 Samhain 2015. Labhair an tAire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ag an ócáid chomh maith, rud a léiríonn an comhar agus an comhoibriú idir an dá Roinn sa réimse sin.

Thug Tuarascáil GENE peirspictíochtaí ar neartú an oideachais forbartha in Éirinn agus tugadh moltaí ina leith sin, mar aon le bonn eolas a chur faoin gcéad Straitéis Oideachais Forbartha eile de chuid Chúnamh Éireann. Tugadh aitheantas sa Tuarascáil don stair shaibhir, na traidisiúin, an taithí agus na scileanna atá le sonrú san oideachas san fhorbairt in Éirinn. Ina theannta sin, tugadh moladh don tiomantas láidir atá ag Cúnamh Éireann le fada an lá don oideachas san fhorbairt.

Gradaim *Our World* Chúnamh Éireann

Ba é *"Caring for Our World"* an téama a bhí ag Gradaim *Our World* Chúnamh Éireann in 2015. Leis na gradaim bhliantúla sin, cuidítear le daltaí bunscoile ar fud na hÉireann foghlaim faoin obair a dhéanann Cúnamh Éireann chun Spriocanna Forbartha na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, d'fhonn cur i gcoinne na bochtaineachta agus todhchaí níos fearr a chruthú do pháistí agus a dteaghlach i dtíortha i mbéal forbartha.

In 2015, chláraigh níos mó ná 1,000 bunscoil ar fud na hÉireann chun páirt a ghlacadh sna gradaim. Cuireadh isteach na céadta tionscadal, agus ina measc bhí taispeántais, ceol, scannáin, cluichí, saothair ealaíne agus leabhair tionscadail. Cuireadh seasca scoil ar an ngearrliosta chun páirt a ghlacadh sna babhtaí ceannais réigiúnacha i mí na Bealtaine, i Luimneach, i gCorcaigh, i Sligeach agus i mBaile Átha Cliath. Ag na Babhtaí Ceannais Náisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí an Mheithimh, bronnadh trófaí ar dhá scoil déag. Is í Scoil Náisiúnta Baile an Bhiocáire, Co. Chorcaí a fuair gradam an bhuaiteora fhoriomláin, agus fuair Scoil Náisiúnta Ghleann Cuilinn, Co. Bhaile Átha Cliath gradam as ucht a hardchaighdeáin feabhais thar roinnt blianta.

Ceardlanna Chúnamh Éireann do Scoileanna agus do Choláistí

Ghlac 7,000 mac léinn, idir dhaltaí bunscoile, dhaltaí meánscoile agus scoláirí tríú leibhéal – an líon is airde riamh – páirt i gceardlanna de chuid Chúnamh Éireann in 2015. Tháinig scoileanna ó cheann ceann na tíre chomh fada le háitreabh Chúnamh Éireann i Sráid Chluain Meala, Baile Átha Cliath, chun páirt a ghlacadh i gceardlanna idirghníomhacha ar fhorbairt dhomhanda agus ar an obair a dhéanann Cúnamh Éireann. Bhí ár bhfoireann éascaitheoirí i mbun ceardlann do bhreis is 2,000 oide faoi oiliúint sna coláistí oideachais chomh maith.

Taispeántas Eolaí Óig agus Teicneolaíochta BT

Ba í 2015 an deichiú bliain ag Cúnamh Éireann i mbun urraíochta ar an nGradam i leith na hEolaíochta don Fhorbairt. Tá sé ina aidhm ag an ngradam múinteoirí agus daltaí a spreagadh chun smaointe a fhorbairt, ag baint úsáide as teicneolaíocht chuí eolaíoch a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ar leibhéal an phobail áitiúil i nDeisceart an Domhain, d'fhonn an bhochtaineacht a laghdú agus an ceartas sóisialta a chur chun cinn. Is féidir leis an méid sin léargas níos fearr a thabhairt do na daltaí ar an domhan mór, agus ar an ról atá acu ina gcáil mar shaoránaigh an domhain.

Is iad Megan Duffy agus Zoe McGirr ó Choláiste Imeasctha Oakgrove, Doire, a bhuaigh an Gradam i leith na hEolaíochta don Fhorbairt, as ucht a dtionscadail ar Threalamh um Baint Síolta do dhaoine atá ag gabháil don Fheirmeoireacht Leorchothaitheach. Is éard atá sa tionscadal bosca te inar féidir le feirmeoirí bochta a gcuid síol a shábháil gach bliain i dtimpeallacht atá insocraithe de réir aeráide agus atá uiscedhíonach, ionas nach mbeadh orthu síol a cheannach ó bhliain go chéile.

Comhdháil Bhliantúil Scoileanna Domhanda WorldWise 2015

Is é Scoileanna Domhanda WorldWise Chúnamh Éireann an bealach lárnach trína dtacaíonn Cúnamh Éireann le hoideachas san fhorbairt sna hiarbhunscoileanna. Ba é téama chomhdháil na bliana 2015 'An Domhan Atá Uainn' agus eagraíodh í mar chuid de den Bhliain Eorpach um Fhorbairt. Mórimeacht oideachais forbartha is ea an Chomhdháil Bhliantúil ina mbíonn an deis ag na meánscoileanna a fhaigheann cistiú chun an fhoghlaim óna gcuid tionscadal a chur i láthair agus comhoibriú le piaraí trí réimse ceardlann idirghníomhach agus gníomhaíochtaí.

Ag an gComhdháil Bhliantúil, bronnadh Gradam an Phas Dhomhanda, gradam nuabhunaithe, ar chúig scoil is fiche. Tá an Gradam sin ina chuid de thionscnamh chun aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann scoileanna maidir le hoideachas san fhorbairt agus ceartas domhanda.

Éachtaí i dtaobh Oideachas san Fhorbairt in 2015

Rinneadh athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta ar obair na hÉireann ar oideachas san fhorbairt

Ghlac 7,000 mac léinn, idir dhaltaí bunscoile, dhaltaí meánscoile agus scoláirí tríú leibhéal – an líon is airde riamh – páirt i gceardlanna de chuid Chúnamh Éireann in 2015

Tionóladh comhdháil Scoileanna Domhanda WorldWise faoin téama: An Domhan Atá Uainn

Our World
GRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN

Cláraíodh breis is 1,000 bunscoil ar fud na hÉireann chun páirt a ghlacadh sna gradaim Our World de chuid Chúnamh Éireann in 2015

Rinne Cúnamh Éireann urraíocht ar an nGradam Eolaíochta agus Forbartha ag Taispeántas Eolaí Óig agus Teicneolaíochta BT don deichiú bliain.

Irish Aid
WorldWise Global Schools

Tacaíodh le 28 eagraíocht neamhrialtasacha agus institiúid oideachais maidir lena gcuid oibre ar thionscadail oideachais forbartha

Fuair 25 scoil 'Gradam an Phas Dhomhanda' faoin tionscnamh Scoileanna Domhanda WorldWise chun aitheantas a thabhairt don obair a bhí déanta acu maidir le hoideachas san fhorbairt agus ceartas domhanda.

FREAGRACHT AGUS TRÉDHEARCACHT

An Cathaoirleach Pat Breen TD agus comhaltaí den Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil ar thuras ar scéim uisciúcháin 17 heicteár faoi chothú imtharraingthe a d'fhorbair muintir na háite i sráidbhaile Golomoti, dúiche Dedza, an Mhaláiv. Tá an scéim uisciúcháin ina cuid de chlár Chúnamh Éireann um Theacht Aniar an Phobail a Fheabhsú. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Tá na cláir a dtacaímid leo faoi réir monatóireacht inmheánach agus monatóireacht sheachtrach rialta. Cuireann saineolaithe neamhspleácha agus Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta na Roinne iniúchtaí agus meastóireacht i gcrích go rialta.

Bíonn an mheastóireacht ar ár gcláir um príomhthíortha comhpháirtíochta dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar oiriúnacht agus éifeachtacht na roghanna straitéiseacha a dhéantar faoi na cláir agus na gcomhpháirtíochtaí bainteacha. Chomh maith le ceachtanna a thabhairt chun solais faoin méid a baineadh amach, bealach tábhachtach is ea an mheastóireacht ar na cláir tíre chun a bheith freagrach do phobal na hÉireann agus don tír aíochta. Cabhraíonn an mheastóireacht ar na cláir tíre linn bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht straitéiseach amach anseo agus cuirtear i gcrích í gar do dheireadh gach timthrialla straitéise, a chlúdaíonn tréimhse 4-5 bliana de ghnáth. Rinneadh meastóireacht ar chláir tíre Chúnamh Éireann in Uganda agus sa Mhaláiv in 2015.

De bhreis ar fhreagracht Chúnamh Éireann don Oireachtas, tá a chaiteachas faoi réir ag scrúdú ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ó Choiste Iniúchóireachta Neamhspleáiche na Roinne. Ullmhaíonn an Coiste Iniúchóireachta tuarascáil bhliantúil mhionsonraithe atá ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Is cuid thábhachtach de fhreagracht na hÉireann é an tiomantas atá aici don trédhearcacht i leith an chúnaimh. Le linn 2015, d'fhoilsigh Cúnamh Éireann mionsonraí an bhuiséid agus an chaiteachais do 2014 i bhformáid inrochtana sonraí loma – ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta – ar a shuíomh gréasáin. Trí na sonraí sin, is féidir le muintir na hÉireann a fháil amach cén úsáid a bhaintear as cúnamh forbartha na hÉireann agus tá fáil ag saoránaigh agus rialtais inár dtíortha comhpháirtíochta ar an bhfaisnéis freisin.

Foilsíonn Coiste um Chúnamh Forbartha an OECD sonraí ar chaiteachas forbartha na hÉireann agus cuireann Tuarascáil Bhliantúil um Chomhar Forbartha na heagraíochta sin cion na hÉireann le hais deontóirí eile, rud a fhágann gur féidir linn ár bhfeidhmíocht a chur i gcomparáid le deontóirí eile.

Léiríonn na sonraí sin go bhfuil cúnamh forbartha na hÉireann dírithe go mór ar na tíortha is lú forbartha agus go ndírítear go háirithe ó thaobh áite ar an Afraic fho-Shahárach.

AN CLÁR COMHALTACHTA

Tá sé mar aidhm ag an gClár Oiliúna Comhaltachta cur le cumas na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta inár bPríomhthíortha Comhpháirtíochta. In 2015, cuireadh ar a gcumas do bheirt mac léinn is seasca tabhairt faoi staidéar iarchéime in Éirinn agus san Afraic faoin gClár Comhaltachta. Tá comhaltaí i mbun staidéir faoi láthair in Éirinn in UCD, Coláiste na Tríonóide, DCU, UCC, Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíocht Bhaile Átha Cliath, OÉ Gaillimh, Ionad an Léinn Forbartha i gCamaigh, Griffith College agus Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath.

Bronnadh 25 scoláireacht eile go dtí UCD ar chéimithe as Vítneam chun tabhairt faoin staidéar i réimsí na baincéireachta, an airgeadais, an riaracháin gnó agus réimsí teicniúla eile agus tugadh scoláireachtaí freisin do thriúr mac léinn as Vítneam a bhí i mbun staidéir in Griffith College, UCD agus UCC. Bronnadh deich gcinn de scoláireachtaí ar mhic léinn ón Afraic Theas faoin Chlár Kader Asmal, agus scoláireacht amháin faoi Chomhaltacht Courtney don Bhurúin.

Is iondúil go bhfilleann céimithe comhaltachta chun a bheith ag obair sna tíortha nó na réigiúin arb as dóibh i réimsí tosaíochta chlár Chúnamh Éireann: cothú, sláinte, oideachas, oiriúnú don athrú aeráide agus dea-rialachas.

Mic léinn ó Chlár Comhaltachta Chúnamh Éireann ag tabhairt cuairte ar Chúnamh Éireann i Luimneach. Grianghraf: Liam Burke/Press 22

Mizinala Lutolo, táirgeoir cócó, atá ina cathaoirleach ar Ghrúpa Gnó Fheirmeoirí Mababu, Kyela, Mbeya, an Tansáin. Grianghraf: Nile Sprague/Technoserve

CLÁR NA NÁBHAR

Iarscríbhinn 1	Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann	48
Iarscríbhinn 2	COF mar % Den OTN: 2000 – 2015	49
Iarscríbhinn 3	Méideanna COF 2000-2015	49
Iarscríbhinn 4	COF Glan mar Chéatadán Den Ollioncam Náisiúnta – Deontóirí an Choiste Cúnaimh Forbartha 2015	50
Iarscríbhinn 5	COF Iomlán de réir Modh Seachadta 2015	51
Iarscríbhinn 6	COF Iomlán de réir Earnála 2015	52
Iarscríbhinn 7	COF Iomlán de réir Modh Cúnaimh 2015	53
Iarscríbhinn 8	An 30 Príomhthír a fuair COF Déthaobhach ó Éirinn 2015	54
Iarscríbhinn 9	Miondealú de réir Earnála ar Phríomhthíortha Comhpháirteacha 2015	55
Iarscríbhinn 10	Cúnamh d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2015	56
Iarscríbhinn 11	Cúnamh d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2015 (Mionsonraithe)	57
Iarscríbhinn 12	Cúnamh Daonnúil De Réir Tíortha 2015	60
Iarscríbhinn 13	Cúnamh Daonnúil De Réir Modh Seachadta 2015	61
Iarscríbhinn 14	Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a fuair ≥ €50k 2015	62

IARSCRÍBHINN A HAON

Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann

	€ Milliúin 2015	€ Milliúin 2014
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála – Vóta 27	481.69	476.29
Ranna Rialtais Eile agus Ranníocaíochtaí le Buiséad um Chomhar Forbartha AE	165.82	138.57
COF Iomlán	647.51	614.86
OTN	181,021	158,438
COF MAR % DEN OTN	0.36%	0.39%
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála – Vóta 27 mar % den COF Iomlán	74%	77%
Ranna Rialtais Eile agus Ranníocaíochtaí le Buiséad um Chomhar Forbartha AE mar % den COF Iomlán	26%	23%
Anailís Dhéthaobhach / Iltaobhach		
COF Déthaobhach		
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála – Vóta 27	409.67	410.67
Ranna Rialtais Eile agus Ranníocaíochtaí le Buiséad um Chomhar Forbartha AE	7.70	7.16
COF Déthaobhach Iomlán	417.38	417.83
COF Iltaobhach		
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála – Vóta 27	72.02	65.62
Ranna Rialtais Eile agus Ranníocaíochtaí le Buiséad um Chomhar Forbartha AE	158.12	131.41
COF Déthaobhach Iomlán	230.14	197.03
COF Iomlán	647.51	614.86
COF Déthaobhach mar % den COF Iomlán	64%	68%
COF Iltaobhach mar % den COF Iomlán	36%	32%

IARSCRÍBHINN A DÓ

COF MAR % DEN OTN



Bliain	COF mar % den OTN
2000	0.30%
2001	0.33%
2002	0.41%
2003	0.40%
2004	0.39%
2005	0.43%
2006	0.53%
2007	0.53%
2008	0.59%
2009	0.55%
2010	0.53%
2011	0.46%
2012	0.46%
2013	0.46%
2014	0.39%
2015	0.36%

IARSCRÍBHINN A TRÍ

MÉIDEANNA COF 2000-2015



Bliain	COF €m
2000	254.86
2001	319.90
2002	422.06
2003	445.71
2004	488.92
2005	578.46
2006	813.96
2007	870.87
2008	920.66
2009	722.20
2010	675.84
2011	657.04
2012	628.90
2013	637.10
2014	614.86
2015	647.51

COF Glan mar Chéatadán den Ollioncam Náisiúnta – Deontóirí an Choiste Cúnaimh Forbartha 2015



	COF mar % den ollioncam náisiúnta – 2015
An tSualainn	1.40
An Iorua	1.05
Lucsamburg	0.93
An Danmhairg	0.85
An Ísiltír	0.76
An Ríocht Aontaithe	0.71
An Fhionlainn	0.56
An Eilvéis	0.52
An Ghearmáin	0.52
An Bheilg	0.42
An Fhrainc	0.37
Éire	0.36
An Ostair	0.32
Ceanada	0.28
An Nua-Shéalainn	0.27
An Astráil	0.27
An Íoslainn	0.24
An tSeapáin	0.22
An Iodáil	0.21
Na Stáit Aontaithe	0.17
An Phortaingéil	0.16
An tSlóivéin	0.15
An Ghréig	0.14
An Chóiré	0.14
An Spáinn	0.13
Poblacht na Seice	0.12
Poblacht na Slóvaice	0.10
An Pholainn	0.10
IOMLÁN ÓN gCOISTE CÚNAIMH FORBARTHA	**0.30**

COF Iomlán de réir Modh Seachadta – 2015



	Bealach	€000	Mar % den COF Iomlán
●	Eagraíochtaí Iltaobhacha	336,546	52%
●	Comhar Tarmligthe	8,322	1%
●	Córais Rialtais i dTíortha Comhpháirtíochta	80,840	12%
●	Eagraíochtaí Neamhrialtasacha	167,929	26%
●	Bealaí Eile	39,495	6%
●	Institiúidí Taighde agus Gníomhairí Bainistíochta	14,382	2%
	Foriomlán	**647,514**	100%

COF Iomlán de réir Earnála 2015



	Earnáil	€000	Mar % den COF Iomlán
	Tacaíocht Lárnach do Chomhlachtaí Iltaobhacha – Forbairt	184,071	28%
	Tacaíocht Lárnach do Chomhlachtaí Iltaobhacha – Cúnamh Daonnúil	46,066	7%
	Cúnamh Daonnúil – Déthaobhach	96,303	15%
	Cúnamh Daonnúil Iomlán	*142,369*	
	Cearta an Duine agus an Fhreagracht	57,267	9%
	Ilearnálacha	62,020	10%
	Talmhaíocht	28,293	4%
	Oideachas	36,475	6%
	Sláinte, VEID agus SEIF	82,830	13%
	Feasacht i leith na forbartha a chur chun cinn	4,670	1%
	Bainistíocht clár agus Riarachán	29,197	5%
	Tacaíocht Bhuiséadach Ghinearálta	14,546	2%
	Uisce agus Sláintíocht	5,776	1%
	Foriomlán	**647,514**	**100%**

COF Iomlán de réir Modh Cúnaimh 2015



	Modh	€000	Mar % den COF Iomlán
	Tacaíocht Lárnach do Chomhlachtaí Iltaobhacha	276,203	40%
	Cistí Ilchodacha agus Cistí Comhthiomsaithe	149,638	22%
	Tacaíocht Lárnach d'Eagraíochta Neamhrialtasacha	105,897	15%
	Idirghabhálacha i dtaobh Cineálacha Tionscadail	105,108	15%
	Riarachán	26,714	4%
	Modhanna Cúnaimh Eile	15,520	2%
	Tacaíocht Bhuiséadach Ghinearálta	14,500	2%
	Foriomlán	**647,514**	**100%**

An 30 Príomhthír a fuair COF Déthaobhach ó Éirinn 2015

Tír is Faighteoir	€000
Mósaimbíc	37,034
An Aetóip	35,158
An Tansáin	28,700
Uganda	23,344
An Mhaláiv	20,006
An tSaimbia	17,500
Vítneam	12,644
An tSúdáin Theas	11,010
Siarra Leon	10,388
An tSiria	8,981
Na Críocha Palaistíneacha faoi Fhorghabháil	8,754
An Chéinia	8,146
An Libéir	6,915
An tSiombáib	6,512
An tSomáil	6,443
An Afraic Theas	5,797
An tSúdáin	5,207
Poblacht Dhaonlathach an Chongó	4,927
Poblacht na hAfraice Láir	4,879
An Afganastáin	2,485
An Liobáin	2,423
An Nigéir	2,202
Ruanda	2,139
Háití	2,071
An Nígir	1,948
An Éimin	1,757
Poblacht an Chongó	1,731
An Iordáin	1,716
An India	1,670
An Iaráic	1,580

Miondealú ar Phríomhthíortha Comhpháirtíochta de réir Earnála 2015

Earnáil	An Aetóip	An Mhaláiv	Mósaimbíc	Sierra Leon	An Tansáin	Uganda	Vítneam	An tSaimbia	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Talmhaíocht	8	5,209	1,061		3,343		110	1,720	11,451
Oideachas		12	6,593	760	148	4,558	1,228	6,092	19,391
Sláinte, VEID agus SEIF	7,775	496	13,105	2,605	12,204	2,122	425	2,169	40,901
Cearta an Duine agus an Fhreagracht	668	1,661	2,507	1,024	2,970	3,733	3,817	1,650	18,031
Cúnamh Daonnúil	3,800	580				998	28		5,406
Ilearnálacha	15,579	4,679	10,100	913	6,847	4,563	6,374	2,094	51,149
Uisce agus Sláintíocht			200		10				210
Bainistíocht Clár agus Riarachán	1,277	914	1,916	710	1,157	1,354	1,342	738	9,407
Foriomlán	**29,107**	**13,551**	**35,482**	**6,012**	**26,678**	**17,329**	**13,323**	**14,463**	**155,946**

Cistiú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2015



	€000	Mar %
Institiúidí an Aontais Eorpaigh	127,309	38%
Institiúidí Iltaobhacha Eile	32,676	10%
Bainc Forbartha Réigiúnaí	7,075	2%
Cistí ó Ghníomhaireachtaí nó Coimisiúin NA	138,854	41%
Grúpa an Bhainc Dhomhanda	29,132	9%
Foriomlán	**336,546**	100%

Cistiú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2015 (Miondealaithe in €000)

	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	An Roinn Airgeadais	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	Cion na hÉireann de Bhuiséad Comhair Forbartha AE	Ranna Eile	Iomlán
Institiúidí an Aontais Eorpaigh							
An Coimisiún Eorpach – Sciar Forbartha an Bhuiséid					94,549		94,549
An Ciste Eorpach Forbraíochta				30,940			30,940
An Banc Eorpach Infheistíochta				1,820			1,820
Iomlán Institiúidí an Aontais Eorpaigh				**32,760**	**94,549**		**127,309**
Institiúidí Iltaobhacha Eile							
An Ciste Domhanda chun comhrac i gcoinne SEIF, Eitinne agus Maláire				11,000			11,000
An Comhpháirtíocht Dhomhanda don Oideachas				4,000			4,000
Ciste CGIAR				3,500			3,500
GAVI An Comhaontas Domhanda um Vacsaíní agus Imdhíonadh				3,000			3,000
CIP Ionad Idirnáisiúnta na bPrátaí				1,775			1,775
OECD An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta				1,774		30	1,804
An Áis do Thimpeallacht na Cruinne		1,420					1,420
An Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip				1,250			1,250
Global Alliance for TB Development Inc				1,000			1,000
An Áis do Thimpeallacht na Cruinne – Ciste LDC				1,000			1,000
Comhairle na hEorpa				994			994
ICRAF Ionad Agraifhoraoiseachta an Domhain				525			525
ILRI An Institiúid Idirnáisiúnta um Thaighde Beostoc				400			400
IOM An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce				266			266
ICRISAT Taighde Idirnáisiúnta Barr do Cheantair Thrópaiceacha Bhreacthuir				250			250
WorldFish Centre				160			160
OSCE An Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip				108			108
Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine				99			99
An Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta				75			75
An tIontaobhas Domhanda um Éagsúlacht Barr	50						50

Cistiú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2015 (Miondealaithe in €000)

	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	An Roinn Airgeadais	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	Cion na hÉireann de Bhuiséad Comhair Forbartha AE	Ranna Eile	Iomlán
Institiúidí Iltaobhacha Eile – Iomlán	**50**	**1,420**	**-**	**31,176**	**-**	**30**	**32,676**
Bainc Forbartha Réigiúnaí							
Banc Forbartha na hÁise			7,075				7,075
Bainc Forbartha Réigiúnaí – Iomlán			**7,075**				**7,075**
Cistí ó Ghníomhaireachtaí nó Coimisiúin NA							
UNDP Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe				29,364			29,364
WFP An Clár Domhanda Bia	18,476			3,561			22,037
UNICEF Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe				16,357			16,357
CERF An Lár-Chiste Práinnfhreagartha				11,750			11,750
UNHCR Oifig an Choimisinéara do Dhídeanaithe, NA				9,601			9,601
UNOCHA Oifig NA um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla				7,350			7,350
UNRWA Eagraíocht Faoisimh agus Oibreacha NA – Dídeanaithe Palaistíneacha				6,500			6,500
UNFPA Ciste NA ar mhaithe leis an bPobal				5,600			5,600
OHCHR Ard-Choimisinéir NA um Chearta an Duine				4,524			4,524
WHO An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte				1,900		1,816	3,716
UNAIDS Clár Comhpháirteach na Náisiún Aontaithe maidir le VEID/SEIF				2,700			2,700
UNWOMEN Aonán NA um Chomhionannas Inscne agus um Chumhachtú na mBan				2,625			2,625
FAO An Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta	1,835			250			2,085
IFAD An Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Talmhaíochta				2,000			2,000
Na Náisiúin Aontaithe – Ginearálta			24	2,779			2,803
WFP An Clár Domhanda Bia – FAC	1,524						1,524
Na Náisiúin Aontaithe – An Roinn Oibríochtaí Síochánaíochta				1,473			1,473
UNEP Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe			940	250			1,190
An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair						927	927

IARSCRÍBHINN A HAON DÉAG

Cistiú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2015 (Miondealaithe in €000)

	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	An Roinn Airgeadais	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	Cion na hÉireann de Bhuiséad Comhair Forbartha AE	Ranna Eile	Iomlán
UNESCO				210		722	932
UNV Saorálaithe na Náisiún Aontaithe				595			595
Ciste na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána				500			500
UNIDO Eagraíocht NA um Fhorbairt Tionscail				490			490
An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach		473		193			666
ILO – An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair				400			400
Oifig na Náisiún Aontaithe um Sheirbhísí Tionscadail				340			340
UNISDR Straitéis Idirnáisiúnta NA um Laghdú Tubaistí				300			300
UNCTAD Comhdháil NA ar Thrádáil agus Forbairt				250			250
Creatchoinbhinsiún NA maidir leis an Athrú Aeráide				200			200
UNCCD Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac				31			31
WIPO – An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil						14	14
UNECE		7					7
Gníomhaireachtaí, Cistí nó Coimisiúin NA – Iomlán	**21,835**	**1,445**	**-**	**112,094**	**-**	**3,479**	**138,854**
World Bank Group Grúpa an Bhainc Dhomhanda							
An Banc Domhanda – An Comhlachas Forbartha Idirnáisiúnta			24,332	200			24,532
An Banc Domhanda – An Banc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta agus Forbartha				4,600			4,600
Grúpa an Bhainc Dhomhanda – Iomlán			**24,332**	**4,800**			**29,132**
Eagraíochtaí Trádála Domhanda							
An Eagraíocht Trádála Domhanda – An Lárionad Trádála Idirnáisiúnta				800			800
An Eagraíocht Dhomhanda Trádála				350			350
An Eagraíocht Dhomhanda Trádála – Lárionad Comhairleach maidir le Dlí WTO				350			350
Eagraíochtaí Trádála Domhanda – Iomlán				**1,500**			**1,500**
Foriomlán	**21,885**	**2,865**	**31,407**	**182,330**	**94,549**	**3,509**	**336,546**

Cúnamh Daonnúil de réir Tíortha 2015

Tír	€ 000
An tSiria	8,969
An tSúdáin Theas	7,976
An Aetóip	5,417
An tSomáil	5,037
Poblacht na hAfraice Láir	4,879
An tSúdáin	4,238
Poblacht Dhaonlathach an Chongó	3,451
Limistéir Riarachán Palaistíne / An Bruach Thiar agus Stráice Gaza	2,875
An Mhaláiv	1,803
An Éimin	1,750
Poblacht an Chongó	1,731
An Iaráic	1,580
An Liobáin	1,409
Uganda	1,350
An Iordáin	1,116
An Libia	1,000
An Nígir	950
Mailí	775
An Afganastáin	762
Háití	604
An Bhurúin	590
An Nigéir	548
An Eiritré	500
Sead	500
Daonphoblacht Dhaonlathach na Cóiré	394
An Libéir	390
Camarún	310
An Tuirc	275
An tSaimbia	227
Siarra Leon	201
Mósaimbíc	200
An Afraic, réigiúnach/iltíre	1,800
Meiriceá Thuaidh agus Láir, réigiúnach/iltíre	628
An Meánoirthear, réigiúnach/iltíre	1,000
Tíortha Eile	830
Cistí Ilchodacha agus Cistí Comhthiomsaithe	76,305
Iomlán	**142,370**

Cúnamh Daonnúil Iomlán de réir Modh Seachadta 2015



	Bealach	€000
	Tacaíocht Lárnach do Chomhlachtaí Iltaobhacha	58,795
	Eagraíochtaí Neamhrialtasacha	28,630
	Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe	22,719
	Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge	14,630
	Comhchistí Daonnúla	14,500
	Eile	3,096
	Foriomlán	**142,370**

Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a fuair €50k nó níos mó, in 2015 in €000

Ainm na hEagraíochta	Tacaíocht ó Ranna Rialtais eile	Tacaíocht trí Línte Buiséid na Ceanncheathrún	Tacaíocht trí Phríomhthíortha Comhpháirtíochta	Iomlán
Concern Worldwide		23,462	438	23,901
Trócaire		18,373		18,373
Goal		15,594		15,594
Misean Cara		15,500		15,500
Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge	130	11,750		11,880
Self Help Africa		3,445	1,630	5,075
Christian Aid Ireland		4,666		4,666
World Vision Ireland		4,012		4,012
Oxfam		3,592	1,300	4,892
Cumainn Náisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg		2,750		2,750
Plan Ireland		2,653		2,653
Ciste Save the Children		1,700	2,869	4,569
Halo Trust		2,600		2,600
TechnoServe			2,024	2,024
Medicines Sans Frontieres		1,728		1,728
SOS Sahel Ethiopia			1,600	1,600
Sight Savers Ireland	1,508			1,508
An Chomhairle do Mhic Léinn Eachtracha in Éirinn	1,685		306	1,991
An Institiúid Idirnáisiúnta um an gComhshaol agus Forbairt	1,100			1,100
Fundacao MASC			1,000	1,000
International Rescue Committee	1,000			1,000
Concern Universal			849	849
Action Aid	841			841
FAWE Uganda			804	804
Action Contre La Faim			804	804
FHI Solutions	800			800
Athshlánú Cuimsitheach Bunaithe sa Phobal			700	700
HelpAge International	601			601
Institiúid Acmhainní an Domhain	600			600
TraidLinks			600	600
An Líonra Cóirthrádála	600			600
Childfund Ireland	594			594
Fondúireacht Helen Keller			647	647
Children in Crossfire	533			533
Aidlink	526			526
SNV – An Tansáin			500	500
Seimineár Eolais VEID/SEIF na hAfraice Theas			500	500
Care International			700	700
Front Line	484			484
Comhlámh	453			453
SIKIKA			400	400

IARSCRÍBHINN A CEATHAIR DÉAG

Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a fuair €50k nó níos mó, in 2015 in €000

Ainm na hEagraíochta	Tacaíocht ó Ranna Rialtais eile	Tacaíocht trí Línte Buiséid na Ceanncheathrún	Tacaíocht trí Phríomhthíortha Comhpháirtíochta	Iomlán
Tilitonse			400	400
Sonke Gender Jusitce Network			400	400
An Lárionad Comhairliúcháin um Chothú agus Chúram Sláinte			400	400
An Institiúid Idirnáisiúnta um Thaighde Beostoc			395	395
An Tionscnamh Micreachothaitheach			385	385
VITA		350		350
Ciste na Meán, an Tansáin			350	350
VSO Ireland		345		345
Líonra na mBan, Uganda			330	330
Ciste Ilchodach Hivos			325	325
Camfed Zambia			319	319
Choice			300	300
WILDAF – Foréigean Inscne			300	300
Fondúireacht SEIF na hAfraice Theas			300	300
The Aids Support Organisation			300	300
Comhaontas na Méaraí agus na gCeannairí Bardasacha			300	300
PANITA			300	300
Raising Voices		290		290
Serve In Solidarity Ireland		279		279
An Lárionad um Fhoréigean Baile			270	270
Coimisiún Idirnáisiúnta na nDlí-Eolaithe		259		259
An Líonra Cothú Éigeandála		250		250
Haki Elimu			250	250
International Alert		250		250
Inst. Estu.Sociais Economicos			250	250
Dóchas		250		250
Fondúireacht Idirnáisiúnta don Aos Óg			235	235
Associacao Progresso			233	233
Cumann Soiscéalach na Maláive			230	230
Suas Educational Development		220		220
Apheda Vítneam			208	208
MISA Zambia			200	200
Global Witness Trust		200		200
Adigrat Diocese Catholic Secretariat [ADCS]			200	200
FIDH		200		200
Transparency International E.V		200		200
Cuibhreannas SEIF			200	200
Bóthar Ltd		200		200
We Effect			200	200
An Grúpa Géarchéime Idirnáisiúnta		200		200

Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a fuair €50k nó níos mó, in 2015 in €000

Ainm na hEagraíochta	Tacaíocht ó Ranna Rialtais eile	Tacaíocht trí Línte Buiséid na Ceanncheathrún	Tacaíocht trí Phríomhthíortha Comhpháirtíochta	Iomlán
Feirmeoirí Beaga Náisiúnta			200	200
Anti-Slavery International		200		200
Tearfund Ireland		192		192
Carthanas Leanaí A-Z		180		180
Pobalscoileanna Oscailte na Saimbia			175	175
Fóram na hÉireann don tSláinte Dhomhanda		169		169
iSee Vietnam			160	160
Water Aid		154		154
Camara Education Ltd.		150		150
Fondúireacht Mháire Mhic Róibín		150		150
DPI –Democratic Progress Institute		150		150
Centre de Controle Democratique des Forces		150		150
An Grúpa um Chearta na Mionlach		150		150
Saferworld		150		150
An Tionscnamh um Bainistíocht Ghéarchéime Ry		150		150
ECPAT International		150		150
CRD Vietnam			147	147
CRS Vietnam			146	146
Action for City Development Vietnam			145	145
Ciste na mBan, An Tansáin			145	145
Friends of Londiani		140		140
The Carter Center Inc.		130		130
Value Added In Africa		130		130
Tionscadal Oideachais Shóisialta agus Sláinte		128		128
Valid Nutrition	62	63		126
An tSeirbhís Idirnáisiúnta um Chearta an Duine		125		125
MSD Vietnam			116	116
Setsan-Sec. Tec.De Seg. Alimentar E Nutricional			115	115
Cumann na hÉireann um Pleanáil Clainne		100		100
Barefeet Theatre			100	100
Hapfed International		100		100
Save The Children International, Vítneam				-
Health Poverty Action		100		100
Aidspan		100		100
Transparency International Vietnam			100	100
An Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Leasachán Ceimiceach		100		100
Restless Development			100	100
Camfed International		100		100
DRD Vietnam			100	100
CSDS Vietnam			100	100
Agricultural Non State Actors			100	100
Orbis Ireland		100		100

IARSCRÍBHINN A CEATHAIR DÉAG

Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a fuair €50k nó níos mó, in 2015 in €000

Ainm na hEagraíochta	Tacaíocht ó Ranna Rialtais eile	Tacaíocht trí Línte Buiséid na Ceanncheathrún	Tacaíocht trí Phríomhthíortha Comhpháirtíochta	Iomlán
Lárionad Henry Dunant um Chomhphlé Daonnúil		100		100
An Tionscadal Athnuachana, Vítneam			100	100
AFAP Vietnam			100	100
RIC Vietnam			91	91
GAIN			90	90
Gisha – Lárionad Dlí ar son na Saoirse		90		90
Oibrithe Deonacha Yesh Din um Chearta an Duine		90		90
Acmhainní Idir-Réitigh		90		90
Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann		89		89
Bimkom Planners For Planning Rights		85		85
CECEM Vietnam			85	85
AEPD Vietnam			82	82
Plan International Vietnam			80	80
CDI Vietnam			80	80
Al Haq Law In the Service of Man		80		80
Gaa Vietnam			80	80
Lárionad na Palaistíne um Chearta an Duine		80		80
Lárionad Iarúsailéim um Chúnamh Dlí agus Chearta an Duine (JLAC)		75		75
Cumann Addameer um Thacaíocht do Phríosúnaithe agus Chearta an Duine		75		75
Comet Me		75		75
Community Led Total Sanitation Foundation		75		75
Fondúireacht Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa um Chomhar Forbartha		73		73
MAG Vietnam			70	70
The Haven Community Foundation		70		70
80:20 Educating+Acting For A Better World		70		70
Lárionad na hAetóipe do Mhíchumas agus Forbairt			70	70
Miftah		70		70
Oifig Idirchaidrimh na hAfraice Theas			70	70
Seirbhísí Óige agus Pobail Lourdes		65		65
Action Lesotho		63		63
Cumann Idirnáisiúnta na mBan ar son na Síochána agus na Saoirse		60		60
Friends in Ireland		60		60
Comhairle Idir-Reiligiúin Uganda			60	60
Aid Recipient Nigeria		59		59
Shades Negotiation Program Regional Education in		58		58
Viet Health Vietnam			53	53
Christian Blind Mission Ireland		52		52
Ospís Leratong			50	50
An Institiúid um Chearta an Duine & Ghnó – Vítneam			50	50
Global Health		50		50
An Eagraíocht Dhomhanda in aghaidh na Céastóireachta		50		50
Comhpháirtíocht JRR		50		50

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Teach Uíbh Eachach
80 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
t: +353 1 408 2000
www.irishaid.ie
www.dfat.ie